

NA SRAITHE
SÓISEARAÍ
EACNAMAÍOCHT
BHAILE



AG GABHÁIL DON OIDEACHAS
SAORÁNACHTA
DOMHANDA

Éigeandáil Aeráide

Coinbhleacht

Teicstílí

Bochtaineacht Bia

Cur Amú Bia

Forbairt Dhaonna

Ocras

Seoltáin

Maireachtáil go Freagrach

Ceart chun Tithíocht atá Leormhaith

Inbhuanaitheacht

Srianta Taistil agus Cosaint

CÉARD ATÁ I GCEIST LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA?

MEONTA A ATHRÚ SCILEANNA A FHORBAIRT CUR LEIS AN EOLAS

Is próiseas oideachasúil é an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) lena bhféachtar le cur le feasacht agus tuiscint an phobail ar an domhan seo againne, domhan atá ag athrú go tréan agus atá idirspiléach agus éagothrom. Tríd an OSD, déantar iarracht daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh mar shaoránaigh san anailís, sa machnamh agus sa ghníomhaíocht ina gceantair féin agus ar an leibhéal domhanda. Is éard atá i gceist leis an OSD ná tacú le daoine chun teacht ar thuiscint ar na struchtúir shóisialta, chultúrtha, pholaitiúla agus eacnamaíocha a bhaineann lena saol ar an leibhéal idirnáisiúnta, an leibhéal pearsanta, leibhéal an phobail, agus an leibhéal náisiúnta, agus dul i mbun gníomhaíochta chun na struchtúir sin a athrú ó bhonn.

Príomhghnéithe den Oideachas
Saoránachta Domhanda:

- Modhanna atá dírithe ar an bhfoghlaimoir agus ar an rannpháirteachas
- Eolas faoi conas a oibríonn an domhan
- Scileanna maidir le smaointeoireacht chriticiúil, machnamh, réiteach fadhbanna, anailís agus obair foirne
- Luachanna agus meonta na dlúthpháirtíochta, an mheasa agus an chumhachtaithe
- A• Beart a dhéanamh ar mhaithe le hathrú ionas go mbeidh an domhan níos córa agus níos cothroime

“Agus muid ag tabhairt faoin Eacnamaíocht Bhaile, bíonn an-chuid deiseanna againn chun iniúchadh a dhéanamh ar an Oideachas Saoránachta Domhanda ar fud shnáitheanna agus gnéithe na sonraíochta ábhair. Beidh múinteoirí in ann leas a bhaint as an acmhainn seo chun ceachtanna teanga mealltacha cuimsitheacha a ullmhú do scoláirí na sraithe sóisearaí. Spreagtar scoláirí anseo chun smaoinemh ar bhealach níos criticiúla faoi na roghanna a dhéanann siad féin, mar thomhaltóirí, ó thaobh eitice agus an chomhshaoil de agus ar an tionchar a bhíonn ag a gcuid roghanna ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal domhanda, agus cuideoidh an acmhainn seo leo gníomh fiúntach a dhéanamh ionas go mbeidh an domhan níos cothroime agus níos inbhuanaithe”

- Jenny Cooney, Scoil Phobail Bhéal an Átha Móir,
Co. Liatroma

“San Eacnamaíocht Bhaile, bímid seasta ar ár ndícheall ag iarraidh na scoláirí a spreagadh chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoin saol, cinntí a mbeidh dea-thionchar acu ar a sláinte agus a bhfolláine féin, ar an teaghlach, ar an bpobal agus ar an gcomhshaoil. Is maith mar a luíonn an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) agus an Eacnamaíocht Bhaile le chéile toisc gur ar na luachanna bunúsacha céanna atá siad bunaithe. Trí OSD a chomhtháthú sna ranganna Eacnamaíochta Baile, táimid ag cur gné spéisiúil d'omhanda le topaicí agus díospóireachtaí ranga, rud a fhágann go bhfuil an t-ábhar níos tráthúla agus níos ábhartha fós i sochaí an lae inniu.”

- Colleen Cooney, Merville Community College,
Co. Donegal.

AIDHM NA HACMHAINNE SEO

Is é is aidhm don acmhainn seo tacú le múinteoirí Eacnamaíochta Baile chun béim a chur ar ghné an cheartais dhomhanda sa teagasc (cur chuige a mbaineann buntáistí móra oideachasúla leis), rud a chomhlíonann na riachtanais atá leagtha amach sa tsonraíocht i gcomhair na hEacnamaíochta Baile sa tsraith shóisearach, agus sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015). Tá sé seo ar cheann de shraith acmhainní de chuid Scoileanna Domhanda WorldWide a thacaíonn le múinteoirí i réimsí éagsúla ábhar agus iad ag tabhairt aghaidh ar théamaí agus coincheapa a bhaineann leis an Oideachas Saoránachta Domhanda. Leis an tsraith acmhainní ‘Ag gabháil don OSD’, cuirtear ar a gcumas do mhúinteoirí iarraidh ar na scoláirí breathnú ar an domhan seo againne, agus ar an méid is féidir linn féin a dhéanamh ionas go mbeidh an domhan níos córa, níos cothroime agus níos inbhuanaithe.

AN TOIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA (OSD) AGUS EACNAMAÍOCHT BHAILE NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Sa réasúnaíocht don Eacnamaíocht Bhaile sa tsraith shóisearach, deirtear go bhfuil an t-ábhar dírithe ar ‘maireachtáil barr feabhais, fholáin agus inbhuanaithe a bhaint amach do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí’. San Eacnamaíocht Bhaile foghlaimíonn an scoláire conas dul i ngleic le ‘fadhbanna praiticiúla rialta a théann ó ghlúin go glúin i dteaghlaigh’ a bhaineann le ‘bia, cothú, aiste bia agus sláinte; ábhair imní maidir le cúrsaí teaghlaigh agus sóisialta; saincheisteanna tomhaltóra; inbhuanaitheacht sa bhaile; bainistíocht inbhuanaithe agus fhreagrach acmhainní teaghlaigh; agus teicstílí agus éadaí’ ar bhealaí ‘atá freagrach ar bhonn sóisialta’. Baintear leas san ábhar as ‘cur chuige córasach ionas go mbeidh daoine aonair agus teaghlaigh ábalta aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna nó ar an imní sin ina saol féin ó lá go lá’. San ábhar seo, tacaítear ‘le forbairt scoláirí atá ina smaointeoirí criticiúla, cruthaitheacha agus spreagann sé an scoláire le bheith go maith ag réiteach fadhbanna agus cinntí a dhéanamh atá freagrach go heiticiúil agus go sóisialta’ (ROS, 2017: 4).

Tá an aidhm lárnach chéanna ag an Oideachas Saoránachta Domhanda agus ag Eacnamaíocht Bhaile na sraithe sóisearaí: ‘scoláire atá meabhrach ar an gcomhshaol agus atá dírithe ar shaol inbhuanaithe freagrach a chaitheamh’ (ROS, 2017: 5).

RÁITIS FOGHLAMA

Cuidíonn an OSD linn díriú ar gach ceann de na seacht Ráiteas Foghlama a luaitear sa tsonraíocht i gcomhair na hEacnamaíochta Baile sa tsraith shóisearach, ach is leis na ráitis seo a leanas is mó a bhaineann sé:

Ráiteas Foghlama 9:

Tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air/uirthi.

Ráiteas Foghlama 10:

Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le mairachtáil go hinbhuanaithe.

Ráiteas Foghlama 11:

Déanann an scoláire gníomh chun a leas féin agus leas dhaoine eile a chosaint agus a chothú.


Ráiteas Foghlama 22:

Léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn sé/sí scileanna fiontraíochta.

Ní gá obair bhreise a chur leis an Eacnamaíocht Bhaile sa tsraith shóisearach chun bheith ag gabháil don OSD.

PRÍOMHSCILEANNA

Is mór an chosúlacht atá idir na 8 bPríomhscil atá leagtha amach sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015) agus na scileanna a chothaítear le cur chuige an OSD. Dá bhrí sin, cuidíonn an OSD le forbairt na scileanna lárnacha a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht i gcomhair na hEacnamaíochta Baile sa tsraith shóisearach.



Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí



TORTHAÍ FOGHLAMA AGUS MEASÚNÚ


Tá téamaí an Oideachais Saoránachta Domhanda ina ngné lárnach de na torthaí foghlama ar fud na dtrí shnáithe den tsonraíocht i gcomhair na hEacnamaíochta Baile sa tsraith shóisearach. San acmhainn seo, tugtar tacaíocht do mhúinteoirí ionas gur féidir leo deiseanna a thapú chun saibhreas eispéireas foghlama agus torthaí ar leibhéil éagsúla a chothú do na scoláirí, tacú le tascanna a bhaineann le measúnú suimitheach agus measúnú leanúnach, idir fhéinmheasúnú agus phiarmheasúnú, agus aiseolas a thabhairt d'fhoghlaimoírí aonair.

Na torthaí foghlama i sonraíocht na hEacnamaíochta Baile, tá siad leagtha amach ina dtrí shnáithe chomhthéacsúla idirnasctha:

- **Snáithe a hAon:** Bia, sláinte agus scileanna cistineacha
- **Snáithe a Dó:** Saol teaghlaigh freagrach
- **Snáithe a Trí:** Teicstílí agus ceardaíocht


Tá ceithre ghné ann a bhaineann le gach ceann de na trí shnáithe chomhthéacsúla:

- Cumhachtú an duine aonair agus an teaghlaigh
- Sláinte agus folláine
- Maireachtáil fhreagrach agus inbhuanaithe
- Inniúlacht tomhaltóirí



Ar fud na dtrí shnáithe, cuidíonn na torthaí foghlama sa ghné ‘Maireachtáil fhreagrach agus inbhuanaithe’ leis an scoláire teacht chun cinn mar ‘smaointeoir a dhíríonn ar an todhchaí agus ina saoránach atá báúil don chomhshaol, agus iad geallta chun maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach a bhaint amach’. Na torthaí foghlama sa ghné ‘Inniúlacht tomhaltóirí’, tá siad dírithe ar scileanna saoil a fhorbairt, ionas gur féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh ar ‘scileanna ríthábhachtacha chun a bheith ina thomhaltóir gníomhach, solúbtha, inniúil atá in ann scileanna éifeachtacha cinnteoireachta a chur i bhfeidhm sa saol laethúil’. Ina theannta sin, d’fhéadfaí ábhar a bhaineann le téamaí ón Oideachas Saoránachta Domhanda a chur san áireamh agus torthaí foghlama a ghabhann leis na gnéithe sin á múineadh.

Chun léargas a thabhairt ar na deiseanna sin, tugtar ocht dtoradh foghlama shamplacha san acmhainn seo (féach na torthaí foghlama sa chló trom i bhFíor 2 thíos). Ag teacht leis an spreagadh a thugtar sa tsonraíocht chun barr feabhais a chur ar rannpháirtíocht agus foghlaim an scoláire ‘trí thaithí iomlán chomhtháite’, aithnítear torthaí foghlama nasctha sna gníomhaíochtaí a mholtar san acmhainn seo (féach na torthaí foghlama idir lúibíní i bhFíor 2 thíos). Áirítear sna torthaí foghlama sa dá ghné seo ábhar a bhaineann go sainráite le téamaí an Oideachais Saoránachta Domhanda.



Fíor 2: Torthaí foghlama a dtacaítear leo san Acmhainn seo

Cur chuig an OSD in Eacnamaíocht Bhaile na sraithe sóisearaí, is maith mar a oireann sé do na Measúnuithe Rangbhunaithe. Chun an measúnú rangbhunaithe aonair a bhaineann le **Teicstílí cruthaitheacha** a dhéanamh sa dara bliain, léireoidh na scoláirí a gcuid scileanna praiticiúla ag plé le teicstílí agus ceardaíocht ar bhealach cruthaitheach agus rachaidh siad i ngleic le próiseas na treorach dearaidh trí:



1. Earra teicstíle a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach

NÓ



2. Earra teicstíle a athchúrsáil nó earra nua a dhéanamh as do dhuine aonair nó don teach

Cibé cén rogha a dhéanfaidh siad, ba cheart tacaíocht a thabhairt do na scoláirí chun prionsabail inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm, maidir leis na hábhair a roghnóidh siad agus na próisis a úsáidfear agus earra teicstíle á dhéanamh acu, mar shampla. Chomh maith leis sin, tá an-deis ann do na scoláirí chun earra teicstíle a athchúrsáil nó earra nua a dhéanamh as a bhfuil baint aige le ceann amháin nó níos mó de Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe (féach thíos).

I measc na smaointe leathana maidir le scileanna litearthachta bia i sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na sraithe sóisearaí (leathanach 22), luaitear achoimrí dearaidh a bhfuil baint acu (i measc eile) le cócaireacht sheiftiúil; fiontar bia, táirge nó táirgí i gcomhair margadh feirmeoirí; cócaireacht eitneach. Ó thaobh an Oideachais Saoránachta Domhanda de, ciallaíonn sé sin go bhféadfadh múinteoirí tacú le scoláirí chun taighde agus anailís a dhéanamh ar an measúnú rangbhunaithe tríú bliana ar Scileanna Litearthachta Bia (MRB2), é a phleanáil agus na torthaí a chur i láthair trí dhírú ar chócaireacht ina bhfuil béim ar gan bia a chur amú, ar chócaireacht ina mbaintear leas as táirgí ó tháirgeoirí bia inbhuanaithe nó ar bhia de chuid tíre sa Domhan Theas.

LEAGAN AMACH NA hACMHAINNE

Sna leathanaigh seo a leanas, cuirtear i láthair na torthaí foghlama a aithnítear i bhFíor 2 (leathanach 6), mar aon le heolas cúla ábhartha agus smaointe i gcomhair gníomhaíochtaí sa seomra ranga agus lasmuigh de.

Tá ceannteideal Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda i ngach roinn, ina ndéantar tagairt do cheann amháin nó níos mó de Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe. Is sraith uilíoch spriocanna, cuspóirí agus táscairí iad sin, a bhfuiltear ag súil go mbainfidh ballstáit na Náisiún Aontaithe, Éire san áireamh, leas astu mar chreat dá gcláir oibre agus dá mbeartais go dtí 2030. Tagann na Spriocanna Domhanda sna sála ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise, a chuaigh in éag ag deireadh na bliana 2015, agus déanann siad leathnú orthu. Sa ról atá agaibhse mar mhúinteoirí Eacnamaíochta Baile, bainfidh sibh an-tairbhe as na Spriocanna Domhanda ó thaobh féachaint chuige go ‘spreagann eispéireas [...] an teagaisc agus na foghlama an rannpháirtíocht, gineann sé caidreamh agus díograis, agus ceanglaíonn sé leis an saol lasmuigh den scoil’ (ROS, 2015. Creat don tSraith Shóisearach, leathanach 13).

TORADH FOGHLAMA (TF)	THÚS AISTIR LEATHANACH
LO 1.1	8
LO 1.9	13
LO 1.15	20
LO 2.2	26
LO 2.4	32
LO 2.12	39
LO 3.2	45
LO 3.8	51

SNÁITHE A HAON: BIA, SLÁINTE AGUS SCILEANNA CISTINEACHA

GNÉ: CUMHACHTÚ AN DUINE AONAIR AGUS AN TEAGHLAIGH



Toradh foghlama mar thús aistir = TF 1.1

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: **‘na fachtóirí a sainaithean a mbíonn tionchar acu ar roghanna bia pearsanta’**



FÓCAS:

An Éigeandáil Aeráide agus Roghanna Bia

Tá athrú ag teacht riamh anall ar aeráid an domhain. Le 650,000 bliain anuas, tharla seacht dtimthriall den oighearleathadh agus oighearchúlú, agus tháinig deireadh tobann leis an oighearaois is déanaí thart ar 7,000 bliain ó shin, rud a chur tús le ré aeráide ár linne féin – agus leis an tsibhialtacht dhaonna. Meastar gur tharla an chuid is mó de na hathruithe sin ar an aeráid mar gheall ar éagsúlachtaí an-bheag i bhfithis an domhain, rud a athraíonn an méid d’fhuinneamh na gréine a fhaigheann an pláinéad seo. Is díol suntais é an téamh atá ag tarlú faoi láthair mar léiríonn fianaise eolaíoch gurb í gníomhaíocht an duine ó lár an 20ú haois ar aghaidh is cúis leis an domhan a bheith ag téamh.

An t-athrú aeráide arb iad na daoine is cúis leis, tarlaíonn sé de bharr gníomhaíochtaí a scaoileann gáis ceaptha teasa, cosúil le dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil. Nuair a scaoiltear amach san atmaisféar iad, stopann an gás fuinneamh agus teas ó bheith ag éalú, agus mar sin éiríonn an aeráid níos teo. Fiú má laghdaítear na hastaíochtaí gás ceaptha teasa (má laghdaítear), beidh an domhan fós á théamh ar feadh na gcéadta bliain de bharr na n-astaíochtaí a scaoileadh amach cheana féin. Ar na gníomhaíochtaí is measa a dhéanann daoine, déantar breoslaí iontaise (cosúil le gual, ola, gás nó móin) a eastóscadh agus a dhó, chun leictreachas agus teas a tháirgeadh, le haghaidh seirbhísí iompair agus sa talmhaíocht, mar shampla. Is ón talmhaíocht a thagann beagnach 25% d’astaíochtaí an domhain, agus is iad an fheirmeoireacht feola agus an fheirmeoireacht déiríochta a dhéanann an dochar is mó. In Éirinn, is í an talmhaíocht an earnáil is measa ó thaobh astaíochtaí de, agus is uaithe a thagann 30% dár n-astaíochtaí iomlána.

Scaoileann ba, caoirigh, agus ainmhithe clóis eile amach meatán. Is fotháirge nádúrtha é an meatán den díleá a dhéanann siad. Le blianta anuas, tá ba níos mó ag teacht ar an saol de bharr na gclár póraithe beostoic. Má tá bó mór, is mó an méid bia a itheann sí, agus dá bhrí sin is mó an méid meatáin a scaoileann na ba. Ar fud an domhain, tá méadú mór tagtha ar líon an bheostoic mar gheall ar éileamh tomhaltais. Daoine i dtíortha meánioncaim agus tíortha ardioncaim, is gnách leo i bhfad níos mó feola agus táirgí déiríochta a ithe ná mar a bhíodh á n-ithe san am atá caite. Más fíor an tuar go mbeidh 2.3 billiún duine ar domhan faoi 2050 agus má thagann méadú ar ioncaim ar domhan sa chaoi is go mbeidh níos mó daoine in ann aiste bia an Domhain Thuaidh (ina mbíonn a lán feola) a ithe, d’fhéadfadh sé gur in olcas a rachaidh tionchar na feola agus na dtáirgí déiríochta ar an aeráid agus ar an mbitheagsúlacht le himeacht ama.

I bpíosa taighde a rinne Ollscoil Oxford in 2019 agus a foilsíodh san iris Science, fuarthas gurb iad na bianna a bhfuil baint acu le sláinte fheabhsaithe (lánghrán, torthaí, glasraí, pischineálaigh, cnónna, ola olóige agus iasc), seachas iasc, a imríonn an tionchar is lú ar an gcomhshaol, agus gur lú i bhfad an tionchar a bhíonn ag iasc ná mar a bhíonn ag feoil dhearg agus feoil phróiseáilte. Tá gaol ann idir na bianna a mbíonn an tionchar is measa acu ar an gcomhshaol – feoil dhearg neamhphróiseáilte agus próiseáilte – agus an baol is mó go dtiocfaidh galar ar an té a itheann iad. Tá grúpaí feirmeoirí ann a deir gurb í an fheoil a ndéantar diantáirgeadh uirthi (áit a gcoinnítear líon

mór bó le chéile i spás teoranta, faoi dhíon de ghnáth) a dhéanann dochar mór don chomhshaol, agus nach mbíonn feoil eile chomh dona. Ach fuair taighdeoirí Ollscoil Oxford amach gur fíor é go n-imrítear tionchar ar an gcomhshaol ag brath ar an gcaoi agus an áit a dtáirgtear bia, ach gur mó i bhfad a théann an rogha bia i bhfeidhm ar mhéid an tionchair sin. Fágann sé sin gur féidir le daoine an difríocht is mó a dhéanamh ach bia atá bunaithe ar phlandaí a ithe in ionad feola. Baineadh de chonclúid as an taighde a rinne Ollscoil Oxford go bhfuil aistí bia atá bunaithe ar phlandaí den chuid is mó i bhfad níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe ná aistí bia ina n-itear a lán feola.

Tá meánteocht an domhain ag ardú ó aimsir na réabhlóide tionsclaíche, ach ba í 2015 an chéad bhliain ar taifeadadh teocht a bhí 1°C níos airde ná mar a bhíodh roimh an réabhlóid thionsclaíoch (an chéad leath den ochtú haois déag). Seans go gceapfá gur ardú beag é 1°C, ach tharla babhtáí adhaimsire (fíor-dhrochaimsir) dá bharr nach raibh a leithéid feicthe riamh roimhe sin. Le gach ardú 1°C a thagann ar an teocht, tagann laghdú thart ar 5% ar fhómhar an arbhair (cruithneacht, grán buí nó arbhar Indiach, mar shampla). Mar gheall ar an aeráid a bheith ag athrú, is lú an fháil a bheidh ar na bianna is ceart dúinn a ithe chun déileáil leis an aeráid agus le géarchéimeanna comhshaoil eile.

Tá réitigh ann. Thángthas ar chomhaontú domhanda faoin athrú aeráide i bPáras ar an 12 Nollaig 2015. Tá Éire ar cheann de na tíortha a gheall, faoi Chomhaontú Pháras, gníomh uailmhianach a dhéanamh i gcoinne an athraithe aeráide. Is gealltanais atá ina cheangal de réir dlí é an Comhaontú sin, chun an téamh domhanda a choinneáil faoi bhun 2 céim ceinteagrád os cionn an leibhéil réamhthionsclaíoch agus chun iarracht a dhéanamh an t-ardú teochta a choinneáil faoi bhun 1.5 céim.

Tiocfaidh feabhas éigin ar chúrsaí má aistríonn muintir an domhain go dtí aiste bia leathveigeatórach. Sa chás sin, níor mhór don ghnáthdhuine 75% níos lú mairteola a ithe, 90% níos lú muiceola agus leath líon na n-uibheacha a itear faoi láthair, agus níor mhór dó nó di trí oiread an méid pónairí agus glasraí piseánacha a ithe agus ceithre oiread an méid cnónna agus síolta. Chuideodh sé sin linn freisin dul i ngleic le géarchéim an mhurtaill atá ag dul in olcas sa Domhan Thuaidh. Na daoine i dtíortha sa Domhan Theas nach bhfaigheann a ndóthain bia cothaitheach, caithfidh siad beagán níos mó feola agus táirgí déiríochta a ithe. Tá sé sin ag teacht leis na moltaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in Éirinn ó thaobh aiste bia shláintiúil agus an phirimid bia: cur leis an méid glasraí, sailéid agus torthaí a ithimid, agus tuilleadh bia lánghráin, arán donn, prátaí, pasta agus ríse a ithe freisin.

I measc na mbealaí chun an méid feola a ithimid a laghdú, is féidir infheistíocht a dhéanamh san fheirmeoireacht agus i dteicneolaíochtaí bia nua chun iad a fheabhsú, athrú a dhéanamh ar chánacha agus rialacháin, agus fóirdheontais a bheith ar fáil i gcomhair cleachtais inbhuanaitheachta agus bianna plandabhunaithe. Creideann roinnt tráchtairí nach ó ainmhithe a thiocfaidh an chuid is mó den fheoil amach anseo ach go bhfásfar i saotharlanna i nó go dtógfaidh táirgí plandabhunaithe a háit, táirgí a mbeidh cuma agus blas feola orthu. Tá cion le déanamh freisin ag oideachas tomhaltóirí agus ag athruithe ar bhiachláir sa bhaile, sa scoil agus san ionad oibre.

Is minice agus is minice anois a bhaineann cócairí agus soláthraithe bia leas as táirgí áitiúla (bia-aistear níos giorra), táirgí séasúracha agus táirgí orgánacha, agus a sheachnaíonn siad mearbhia agus béilí ina bhfuil go leor feola. Tá níos mó agus níos mó daoine ar aon intinn leo, agus iad ag athrú a mbealaí cócaireachta agus ag ithe bia difriúil. Mar sin féin, cé gur mó an méid smaoinimh a dhéanann daoine anois faoin mbia a itheann siad agus faoi thionchar a n-aistí bia ar a sláinte agus ar an gcomhshaol, bíonn mearbhall éigin orainn fós faoin rud is ceart dúinn a cheannach ar mhaithe le sláinte an duine agus le sláinte an phláinéid. Is réiteach eile é smaoineamh as an nua ar lipéadú bia lena léiriú cén tionchar a bhíonn ag táirgí éagsúla. Dá mbeadh sé éigeantach lipéad le heolas faoin tionchar ar an gcomhshaol a bheith ar tháirgí, bheadh ar tháirgeoirí a dtionchar a thomhas ar bhealach córasach agus bheidís freagrach as. Chuirfí eolas ar fáil faoinár gcóras bia agus chuideodh sé sin le tomhaltóirí an rogha is lú dochair a dhéanamh.

Foinse: sraith alt (i mBéarla) le Damian Carrington in *The Guardian* agus *The Irish Times* (2018-2019).



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 2:** Deireadh a chur leis an ocras, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach agus an talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn
- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholáine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 8:** Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás geilleagrach atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar lánfhostaíocht tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách
- **Sprioc 9:** Bonneagar a bhfuil teacht aniar ann a thógáil, tionsclaíocht chuimsitheach, inbhuanaithe a chur chun cinn agus an nuálaíocht a chothú
- **Sprioc 12:** A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim
- **Sprioc 13:** Beart práinneach a dhéanamh chun cur i gcoinne an athraithe aeráide agus a chuid iarmhairtí
- **Sprioc 14:** Na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe
- **Sprioc 15:** Éiceachórais talún a chosaint, a athshlánú agus a n-úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú ar shlí inbhuanaithe, cur i gcoinne fairsingiú fásaigh, díghrádú talún a stopadh agus a chur ar gcúl agus deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Comhaid Bhia

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.7

Aimsigh na tíortha seo a leanas ar léarscáil den domhan:

Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an Aetóip, Háití, Mósaimbíc, Nua-Ghuine Phapua, Siarra Leon, an tSúdáin Theas, Poblacht Arabach na Siria, Poblacht Aontaithe na Tansáine agus Éimin.

Roinn an rang i ndeich ngrúpa, ceann amháin in aghaidh gach ceann de na tíortha sin.

Cuir le chéile doiciméad faoin tír a tugadh duitse, bunaithe ar thaighde idirlín. Luaigh ainm do thíre; trí fhíríc spéisiúla ar a laghad faoin tír; ainm dhá mhias thraidisiúnta nó níos mó agus pictiúir díobh; liosta de na príomh-chomhábhair: agus, má tá a leithéid ar fáil, seat scáileáin den oideas.

Pléigh do chuid thorthaí le daoine eile a bhfuil an tír chéanna acu. Pléig cén t-eolas is suimiúla faoi gach ceannteideal agus cuirig an t-eolas sin i láthair an ranga.

Glac páirt i bplé ranga faoin tábhacht a bhaineann le bia agus aiste bia sa chultúr.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ

Measadh go raibh innéacs íseal forbartha daonna ag gach ceann de na tíortha seo in 2019. Ciallaíonn sé sin go bhfuil siad i measc na dtíortha is mó atá faoi mhíbhuntáiste ar domhan ó thaobh ionchas saoil, oideachais agus ioncaim.

Crosfhocal

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.15

Déan liosta de na cineálacha éagsúla aistí bia.

Bíodh cúig cinn ar a laghad de na téarmaí seo a bhaineann le haiste bia i do liosta, chomh maith le cur síos ar an mbia a íosfaidh nó nach n-íosfaidh duine a leanann gach aiste bia: uiliteoir, iteoir solúbtha (flexitarian), veigeatóir éisc, veigeatóir circeola, veigeatóir (lachtveigeatóir uibheacha, lachtveigeatóir agus veigeatóir uibheacha), veigeán, veigeán meala, agus/nó veigeatóir torthaí.

Cuir le chéile crosfhocal faoi na cineálacha éagsúla aistí bia is rogha le daoine. Babhtáil do chrosfhocal le scoláire eile, líon isteach é agus babhtáil ar ais iad lena gceartú.

Tionchar

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.15, 2.7 agus 2.8

Faigh amach cé mhéad uisce a úsáidtear agus cé mhéad astaíochtaí carbóin a ídítear i ndéantús earraí bia coitianta ag úsáid áireamhán bia (athrú aeráide) an BBC (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile).

Suirbhé bia

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.15, 2.7 agus 2.8

Le Survey Monkey, Google Forms nó a leithéid, réitíodh an rang suirbhé chun fáil amach faoi na tosca a théann i bhfeidhm ar an mbia a roghnaíonn na daoine atá i bhfeighil na siopadóireachta in bhur dtithe féin. Caithfidh ceist a bheith sa suirbhé faoi na géarchéimeanna aeráide/bithéagsúlachta – an gcuirtear san áireamh iad agus bia á roghnú. Bíodh ceann amháin nó níos mó de na cineálacha ceisteanna seo a leanas ann: ceisteanna ilroghnacha, ticbhoscaí, bosca aníos, scála líneach, greille ticbhoscaí agus greille ilroghnach.

Taispeáin achoimre ar na príomhthorthaí do na daoine a líon isteach an suirbhé agus fiafraigh díobh céard é a mbarúil fúthu.

Tá an t-eolas ar fad ar an lipéad

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.15, 1.19, 2.7 agus 2.8

A bhuíochas le treoir a tháinig ón Aontas Eorpach in 1992, caithfidh lipéad a bheith ar gach fearas ina luaitear a éifeachtúlacht fuinnimh. Seiceáil an cuisneoir, an cócaireán (an sorn) agus an meaisín níochnáin i do theach féin agus na lipéid sin á lorg agat, agus bain úsáid as mar spreagadh don ghníomhaíocht thíos.

Déan éicealipéad de do chuid féin a dhearadh le haghaidh bia, agus taispeáin air an tionchar ar an gcomhshaol, ar nós úsáid uisce, astaíochtaí gás ceaptha teasa, úsáid lotnaidicídí (aon substaint a úsáidtear chun cineálacha áirithe beatha plandaí nó ainmhithe a mharú, a rialú nó a ruaigeadh má mheastar gur lotnaidí iad), agus an tionchar ar an mbithéagsúlacht (an éagsúlacht beatha plandaí agus ainmhithe ar domhan).

Caithigí vóta lena chinneadh cén lipéad is dóichí a dtabharfadh an bliainghrúpa aird air agus a chabhródh leis na scoláirí smaoineamh ar thionchar comhshaoil a gcuid roghanna bia féin.

Oideas le haghaidh na hinbhuanaitheachta

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.4, 1.5, 1.15, 2.7 agus 2.8

Tá sé ina aidhm ag an bhfeachtas ActNow de chuid na Náisiún Aontaithe níos mó daoine a spreagadh chun sult a bhaint as bia blasta, atá inbhuanaithe agus nach mbíonn drochthionchar aige ar an aeráid.

Féach ar roinnt físeáin ghearra a rinne cócairí ó gach cearn den domhan agus bain triail as ceann de na hoidis inbhuanaithe atá acu (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile).

Tóg pictiúr agus an bia á réiteach agat, nó tóg pictiúr den bhéile nuair a bheidh sé réitithe. Cuir na pictiúir ar na meáin shóisialta leis an haischlib #ActNow.

Leid: Ná déan dearmad níochnáin maith a thabhairt do do lámha, na huirlisí cistine agus an cuntar roimh chócaireacht agus tar éis cócaireachta. Nár dheas an rud é triail a bhaint as táirgí glantacháin inbhuanaithe a dhéanamh agus a úsáid, agus iad a chur i gcomparáid le táirgí glantacháin ón siopa?



Déan do chinneadh féin

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.15

I mí Aibreáin 2019, d'iarr Cumann Feirmeoirí na hÉireann go dtarraingeofaí siar acmhainn a d'fhoilsigh An Taisce do mhúinteoirí, faoin ngníomhaíocht ar son na haeráide. Mhaigh an Cumann Feirmeoirí gur spreagadh scoláirí sa bhileog sin chun níos lú feola agus táirgí déiríochta a ithe agus gur cuireadh aiste bia veigeánach chun cinn inti. Dúirt Uachtarán an Chumainn Feirmeoirí gur sháraigh An Taisce an sainchúram a bhí air trí chomhairle a chur ar dhaoine faoi aiste bia agus go raibh an chomhairle sin ag teacht salach ar na moltaí ón Roinn Sláinte maidir le haiste chothrom bia.

Samhlaigh gur urlabhraí tusa ar son An Taisce agus gur iarradh ort freagra a thabhairt ar an ráiteas ón gCumann Feirmeoirí. Seiceáil an acmhainn atá ag An Taisce faoin ngníomhaíocht ar son na haeráide agus cuardaigh tagairtí d'fheoil, do tháirgí déiríochta, agus d'aiste bia veigeánach nó veigeatórach, agus breathnaigh freisin ar shuímh ghréasáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (An Roinn Sláinte) le haghaidh treoirínte faoi bhia sláintiúil agus fianaise chun tacú le do fhreagra (féach na naisc thíos).

Ullmhaigh freagra ar an ráiteas ón gCumann Feirmeoirí. Bíodh dhá alt sa fhreagra sin. Babhtáil do dhréacht le scoláire eile agus tabhair aird ar thuairimí agus moltaí an té sin agus an leagan deiridh den fhreagra á ullmhú agat.

Scéal ina bhfuil 10 bhfocal

Déan taighde faoin treocht atá ag teacht chun cinn maidir le feoil phlandabhunaithe i measc cuideachtaí mar Beyond Meat, Impossible Foods, agus Boca Burgers (féach na naisc thíos).

Téigí ag obair in bhur mbeirteanna chun scéal deich bhfocal a scríobh faoi bhurgar nó ispiní plandabhunaithe a ithe den chéad uair. Is féidir gur scéal fíor é, nó scéal a chum sibh féin.



Naisc úsáideacha

Áireamhán

- Áireamhán bia (athrú aeráide) ón BBC:
<https://www.bbc.com/news/science-environment-46459714>

Oideas le haghaidh na hinbhuanaitheachta

- Dúshlán bia ActNow na Náisiún Aontaithe:
<https://www.un.org/sustainabledevelopment/actnow-food-challenge>

Déan do chinneadh féin

- Acmhainn do Scoileanna Glasa faoin ngníomhaíocht ar son na haeráide (An Taisce):
<https://greenschoolsireland.org/resources/climate-action-teacher-resource/>
- Ráiteas ón gCumann Feirmeoirí faoi acmhainn do mhúinteoirí a d'ullmhaigh An Taisce faoin ngníomh ar son na haeráide:
<https://www.ifa.ie/an-taisce-green-schools-pack-should-be-withdrawn-immediately/>
- Treoirínte maidir le Bia Sláintiúil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS):
<https://www.hse.ie/eng/about/who/healthwellbeing/our-priority-programmes/heal/healthy-eating-guidelines/>

Scéal ina bhfuil 10 bhfocal

- Beyond Meat: <https://www.beyondmeat.com/>
- Impossible Foods: <https://impossiblefoods.com/>
- Boca Burgers: <https://www.bocaburger.com/>

Is ar an dúlra a mbímid ag brath chun maireachtáil ar an bpláinéad. Is ceangal é an bia idir muid féin agus an dúlra.

Vandana Shiva , gníomhaí comhshaoil agus éiceafheimineach

SNÁITHE A HAON: BIA, SLÁINTE AGUS SCILEANNA CISTINEACHA

GNÉ: SLÁINTE AGUS FOLLÁINE



Toradh foghlama mar thús aistir = TF 1.9

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: ‘an tábhacht a bhaineann le cothú agus aiste bia ó thaobh na sláinte agus na folláine a aithint’



FÓCAS:

Bochtaineacht Bia, Sláinte agus Folláine

Dar leis an Roinn Coimirce Sóisialta in Éirinn, is éard is bochtaineacht bia ann ná gan a bheith in ann aiste bia ar leor é agus atá sách cothaitheach a bheith agat mar gheall ar dheacrachtaí ó thaobh bia a fháil nó íoc as, agus deir sí gur tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhfuil bochtaineacht bia ag goilleadh orthu in Éirinn ó thart ar 315,000 duine in 2009 (7 faoin gcéad den daonra) go dtí thart ar 537,000 duine (11.5 faoin gcéad) in 2015. Is páistí faoi 18 mbliana d’aois iad thart ar 140,000 de na daoine sin.

Is tuismitheoir aonair í “Eileen” (41) a bhfuil seisear clainne uirthi. Tá cónaí ar cheathrar gasúr sa bhaile agus téann siad ag an naíolann nó ag an scoil. Tar éis di cíós €71 a íoc le comhlacht tithíochta ceadaithe agus €10 a íoc leis an gcomhar creidmheasa, ní bhíonn ach €240 sa tseachtain fágtha aici ón íocaíocht aontuismitheora. Faigheann sí sochar linbh freisin: €560 sa mhí.

“Bíonn an t-airgead gann. Is é an chéad rud a dhéanaim ná na billí a íoc. Tá méadar réamhíochta agam, agus €25 a bhíonn ar an ngás don téamh agus don sorn. Íocaimid as an teilifís – sin €15 sa mhí, agus €20 sa mhí ar an idirlíon.” Tugann sí cuairt ar bhanc bia de chuid Chumann Naomh Uinseann de Pól gach Aoine le haghaidh earraí neamh-mheatacha cosúil le cannaí bia, tae, caife, pasta, rís agus gránaigh. Déanann sí siopadóireacht na seachtaine in ollmhargaí saora. “Sin €100-€150 sa tseachtain agus ansin tacsáí abhaile, thart ar dheich euro.”

Deir sí nach mbaineann sí sult ar bith as aon ghné den bhia – siopadóireacht, ullmhú ná ithe. Nuair a chuirtear ceist uirthi faoi na béilí a phleanáil, deir sí nach gá di pleanáil a dhéanamh. “Is é an fhadhb atá ann ná gurb iad na béilí céanna a réitíonn tú i gcónaí mar nach bhfuil do dhóthain airgid agat chun triail a bhaint as rudaí nua. Ní féidir leat dul sa seans go gcuirfeá bia amú, agus ní cheannaíonn tú ach an rud a bhfuil airgead sa sparán agat le híoc as. Mar sin, is é an seanbhia céanna arís is arís a bhíonn againn. Réitím spaigítí bolognese, píotsa agus sceallóga, sceallóga agus uibheacha, sicín agus prátaí.

“Déanaim iarracht glasraí a cheannach nuair a bhíonn fáil orthu ar phraghas speisialta, ach bíonn na glasraí úra i bhfad ró-dhaor agus ní choinníonn siad ar feadh i bhfad. Ceannaím paicéad glasraí reoite i gcónaí. Faigheann na gasúir torthaí ar scoil – úlla, bananaí. Má bhíonn tairiscint speisialta ann i gcomhair torthaí ar maith leo iad, ceannaím iad agus bíonn siad imithe i gceann dhá lá. Agus na bananaí, mura n-itheann siad iad, éiríonn siad dubh agus cuirtear sa bhosca bruscair iad, agus is mór an peaca é sin.”

“Mura bhfuil mórán bia fágtha agam – tá sé gann faoi láthair – ullmhóidh mé rud éigin mar anlann curaí agus rís. Tá mac agam nach n-íosfaidh aon cheo ach píotsa, taco, fillteáin agus rollaí aráin. An páiste atá 12 bhliana d’aois, tá sé thar a bheith beadaí. Deir sé: ‘Nílím á ithe sin.’ Bíim cráite aige. Deirim leo nach bhfuil ann ach an méid sin, agus ligim orm féin



gur cuma liom. Cuireann sé as dom i ndáiríre, ach cad is féidir liom a dhéanamh?”

Deir sí nach smaoiníonn sí ar bhia sláintiúil. “Níl mo dhóthain airgid agam chun smaoineamh air sin. Tugaim dóibh a bhfuil agam agus sin sin. Tá fadhbanna sláinte agam féin, ach tá na páistí togha, buíochas le Dia. Ní bhíonn ocras orthu riamh anois agus tá an t-ádh orm mar go dtugann an scoil dinnéar dóibh. Agus tugann an naíolann béile te do na páistí óga.”

Nuair a bhíonn an t-airgead gann, ní cheannaítear sólaistí ar nós bríoscaí nó torthaí i gcanna. “Is fuath liom ceol an veain uachtar reoite a chloisteáil. Tagann dá cheann acu an bealach seo, agus veain na mílseán freisin. Mar gheall go bhfuil cónaí orainn chomh fada ó shiopa, díolann an veain mílseáin, criospaí, bríoscaí agus deochanna boga, gach rud ar cairde. Is fuath liom nuair a thagann sé chuig an doras mar bíonn sé chomh deacair na rudaí sin a dhiúltú do na gasúir nuair nach gcaithfear íoc astu ar an bpointe.”

Nuair a fiafraíodh di cad a dhéanann na páistí ag an deireadh seachtaine nó i rith na laethanta saoire, deir sí: “Téann siad amach ar an mbóthar nó suíonn siad sa bhaile. Sin an méid is féidir leo a dhéanamh. Is mór an trua é. Déarfainn go mbíonn siad in ísle brí.”

Chuaigh an teaghlach ar saoire den chéad uair an samhradh seo caite: saoire seachtaine i nDún na nGall ar íoc Cumann Naomh Uinseann de Pól aisti. “Bhí sé go hiontach,” a deir sí go sásta, “agus bhí na gasúir in ann a rá go raibh siad ar saoire nuair a chuaigh siad ar ais ar scoil ag deireadh an tsamhraidh.”

D’fhág sí an scoil agus í 14 bliana d’aois agus bhíodh sí ag obair i siopaí agus i gcaiféanna go dtí gur éirigh sí torrach agus í 20 bliain d’aois. “Níl Teastas Sóisearach ná rud ar bith eile agam. Ba bhreá liom post a fháil, cúpla euro breise a bheith sa teach, ach ní féidir liom post a fháil. Caithfidh mé aire a thabhairt do na páistí. Níl a fhios agam céard a dhéanfainn ar aon nós. Bíonn mé brónach, an-bhrónach... Níl a fhios agam céard leis a raibh súil agam nuair a d’fhág mé an scoil, ach ní raibh súil agam leis seo.”

Foinse: bunaithe ar alt Béarla le Kitty Holland, ‘I can’t afford to think about healthy eating’ – a mother’s life, *The Irish Times*, 23 Feabhra 2019.



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 1:** Deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta, cibé cén áit a bhfuil sí
- **Sprioc 2:** Deireadh a chur leis an ocras, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach agus an talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn
- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha
- **Sprioc 17:** Neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe





Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Achoimre a dhéanamh ina mbeirteanna

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.1

Ag obair in bhur mbeirteanna, beirt i ndiaidh a chéile, léigí na hailt i scéal Eileen agus a teaghlach agus déanaigí achoimre ó bhéal orthu.

Mar thús, tugaigí sracfhéachaint ar an téacs iomlán chun barúil a fháil céard atá i gceist ann. Ansin léadh beirt agaibh an chéad alt. Déanfaidh duine amháin achoimre air (gan féachaint ar an téacs), agus breathnóidh an duine eile ar an alt féachaint an bhfuil an achoimre cruinn agus tabharfaidh sé nó sí leid don chéad duine má tá aon rud fágtha ar lár. Ansin babhtálaigí ról a chéile agus léigí an chéad alt eile go dtí go mbeidh an scéal críochnaithe agaibh.


Déanaigí liosta de na cúinsí a mbíonn tionchar acu ar an mbia a roghnaíonn Eileen.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ

Beidh ort an scéal faoi Eileen agus a teaghlach (Fócas – leathanach 13-14) a thaispeáint ar an gclár le linn na gníomhaíochta seo.

3 réimse | 3 phointe

Tarraing léaráid Venn mór i do chóipleabhar, a mbeidh trí chiorcal fhorluiteacha ann, mar a léirítear thíos:



NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ

Is iad an tsochaí, an geilleagar agus an comhshaol trí cholún na forbartha inbhuanaithe. Is éard a bhíonn i gceist againn leis an tsochaí ná na daoine go léir, sláinte, oideachas, pobail agus mar sin de. Clúdaíonn an geilleagar poist, earraí agus seirbhísí, soláthar airgid agus mar sin de. Baineann an comhshaol leis an bpláinéad seo a chothaíonn muid (an t-aer a análaímid, neacha beo ar an talamh agus san uisce agus mar sin de).

Agus sibh ina ngrúpaí beaga, pléigí na gnéithe de scéal Eileen a bhaineann le gach ceann de na trí réimse inbhuanaitheachta. Tugaigí aird ar leith ar rudaí a dúirt sí a d'fhéadfadh dul isteach sna spásanna forluiteacha.

Abraigí leis an rang na 3 phríomhphointe a tháinig as an bplé a rinne sibh.



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Geábh eile ar na Spriocanna Domhanda

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.8

Agus sibh in bhuirteanna, socraígh cé na trí Sprioc Dhomhanda is ábhartha lena chinntiú go mbeidh aiste bia cothaitheach ag Eileen agus a teaghlach agus go mbeidh siad sláintiúil, idir shláinte choirp agus mheabhairshláinte.

Léigh trí na cuspóirí a ghabhann leis na trí Sprioc Dhomhanda sin (féach na naisc ar leathanach 19) agus socraígh céard iad na spriocanna is ábhartha i gcás Eileen agus a teaghlaigh.

Téigh ag obair in éineacht le beirt eile. Déanaigh comparáid agus codarsnacht idir na Spriocanna Domhanda agus na cuspóirí a raibh sibh ag plé leo.

Socraigh cén Sprioc/cuspóir is ábhartha i gcás Eileen agus a teaghlaigh agus abraig leis an rang é.

Airgead isteach agus amach

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.3 agus 2.13

Bunaithe ar an eolas atá sa scéal, ullmhaigh buiséad míosúil ina leagtar amach ioncam agus caiteachas Eileen.

Agus sibh ag obair ina ngrúpaí beaga, pléigh an bhfuil dóthain acmhainní airgeadais ag Eileen agus a teaghlach lena chinntiú gur féidir leo a bheith sláintiúil folláin.

Bananaí dubha

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.2, 1.4, 1.5, 1.10, 1.16, 1.18, 1.19, 2.7 agus 2.10

Aimsigh oidis a bhfuil bananaí dubha mar chomhábhar iontu (mar shampla, pancóga banana, smúdaí banana, muifíní banana, arán banana)

Roghnaigh oideas ba mhaith leat a dhéanamh.

Más féidir, ceannaigh comhábhair orgánacha a dhíoltar faoin lipéad Cóirthrídála.

Lean na treoracha san oideas agus déan comparáid idir do tháirge féin agus táirge siopa is furasta a fháil. Bain úsáid as na critéir seo a leanas: costas, luach cothaitheach, blas, áisiúlacht (e.g. an t-am a thógann sé rud a réiteach tú féin seachas dul chuig an siopa agus é a cheannach), tionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol.

Leid: Ná déan dearmad níochán maith a thabhairt do do lámha, na huirlisí cistine agus an cuntar roimh chócaireacht agus tar éis cócaireachta. Nár dheas an rud é triail a bhaint as táirgí glantacháin inbhuanaithe a dhéanamh agus a úsáid, agus iad a chur i gcomparáid le táirgí glantacháin ón siopa?

Leideanna faoi ghlasraí

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.16, 2.7 agus 2.8

An raibh a fhios agat nár cheart duit torthaí agus glasraí a stóráil le chéile? Táirgeann torthaí, ar nós



bananaí, abhacad, agus péitseoga, gás eitéilíne, a fheidhmíonn mar hormón aibithe agus ar féidir leis táirgí eile a chur ag aibiú níos sciobtha.

Cuardaigh ‘vegetable storage hacks’ ar Google. Bain triail as ceann nó dhó acu a bhreathnaíonn ciallmhar. Déan meastóireacht ar cé chomh héifeachtach agus atá sé maidir leis na glasraí a choinneáil úr ar feadh tréimhse níos faide.

It takes a hero

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.5

Téigí ag obair ina ngrúpaí beaga chun liosta a dhéanamh de na rudaí is féidir le páistí agus daoine óga a dhéanamh chun tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh ionas go ndéanfaidh siad roghanna maithe bia.

Leid: má bhíonn tú sáinnithe d’fhéadfá breathnú ar an bhfeachtas ‘It takes a hero to be the bad guy’ le Safefood nó ar an eolas atá ag Bord Bia maidir le cothú (féach na naisc ar leathanach 19).

Roghnaígh na cúig smaoineamh is fearr agus seolaigh iad chuig Safefood Ireland (féach na naisc ar leathanach 19).

Cuir leis na staitisticí

Tá uirlis tomhais ag na Náisiúin Aontaithe ar a dtugtar an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna. San Innéacs sin, rianaítear an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an meán maidir le trí ghné bhunúsacha d’fhorbairt an duine – saol fada sláintiúil a bheith ag duine (ionchas saoil), a bheith eolach (oideachas) agus caighdeán maireachtála réasúnta a bheith ag duine (ioncam). Úsáidtear sonraí faoi ionchas saoil, oideachas agus sláinte san innéacs chun tíortha a rangú de réir leibhéal forbartha: an-ard (an ceann is fearr), ard, meánach agus íseal.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ

In 2019, bhí Éire sa 3ú háit (an-ard) as na 189 tír a bhí san áireamh san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna.

Tír	Áit san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna	Stádas maidir le Forbairt Dhaonna	Sláinte Ionchas saoil tráth na breithe
Éire	3	An-ard	82.1 bliain
Poblacht na hAfraice Láir	188	Íseal	52.8 bliain
An tSín	86	Ard	76.7 bliain
Hondúras	133	Meánach	75.1 bliain
Iamáice	97	Meánach	74.4 bliain
An Mhaláiv	171	Íseal	63.8 bliain
An Araib Shádach	39	An-ard	75 bliain
An Tuirc	76	Ard	77.4 bliain

Tá sonraí ón Innéacs Forbartha Daonna 2019 d’Éirinn agus 7 dtír eile sa tábla seo.



Glac páirt i bplé ranga atá bunaithe ar na ceistanna seo a leanas:

- Na sonraí faoi shláinte (ionchas saoil ag am breithe), an gcuireann siad iontas ort ar chor ar bith? Cén fáth a gcuireann nó nach gcuireann?
- Cén tír ag a bhfuil an t-ionchas saoil is ísle tráth na breithe? Cén fáth, dar leat?
- An mbeifeá ag súil leis go mbeadh an t-ionchas saoil céanna ag gach duine sa tír seo? Mínigh an freagra.
- An gceapann tú gur bealach maith é breathnú ar an ionchas saoil tráth na breithe chun sláinte agus folláine a thomhas? Cén fáth a gcuireann nó nach gcuireann?
- Cad a cheapann tú a déarfadh Eileen agus a teaghlach faoi Éirinn a bheith sa 3ú háit (an-ard = an tríú tír is fearr) san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna in 2019?

Téigh ar líne chuig próifíl tíre an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile). Seiceáil an bhfuil aon athrú tagtha ar shonraí na bliana 2019 maidir le hionchas saoil (i.e. ar na sonraí sa tábla ar an leathanach roimhe seo).

Ctrl-F

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.8 agus 1.10

Íoslódáil PDF den tuarascáil bhliantúil is déanaí de chuid Chúnamh Éireann (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile).

Agus an fheidhm <ctrl-f> á húsáid agat ar do mhéarchlár (lenar féidir leat focail nó frásaí a aimsiú), cuardaigh na focail: ‘cothú/cothaitheach’ agus ‘bia’ (d’fhéadfadh séimhiú nó urú a bheith orthu).

Aimsigh samplaí de thacaíocht a thug Cúnamh Éireann do thionscnaimh a bhaineann le cothú agus den toradh a bhí ar an tacaíocht sin.

Mar shampla:

In 2018, i Siarra Leon, thacaigh clár cúnamh na hÉireann le seirbhísí sláinte feasacht a mhúscailt faoin luach cothaitheach a bhaineann le prátaí milse ar dhath oráiste chun cur leis an méid vitimín A a fhaigheann leanaí.

Pléigh do chuid torthaí sa rang.

Trí shúile eile

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.12

Déan taighde ar eagraíochtaí neamhrialtasacha (eagraíochtaí carthanacha nó eagraíochta a bhíonn ag plé le cúnamh thar lear) atá bunaithe in Éirinn (féach na naisc thíos), chun féachaint cé acu a bhíonn ag obair i dtíortha sa Domhan Theas.

Déan teagmháil leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha sin agus iarr orthu cás-staidéir (íomhánna agus téacs agus/nó píosaí scannáin nó físeáin) a chur chugat a bhaineann le daoine óga a bhfuil cónaí orthu sna tíortha sin. Iarr cás-staidéir ina bhfuil sonraí faoi shaol laethúil na ndaoine agus saol an teaghlaigh, agus ina bhfuil eolas a bhaineann le haiste bia, cothú, sláinte agus folláine.

Déan an t-eolas sa chás-staidéar a mheas agus tú ag smaoineamh ar a bhfuil ar eolas agat faoi riachtanais chothaithe ag gach céim den saol.

Bíonn sé ina aidhm ag eagraíochtaí neamhrialtasacha a bheith ag obair leis na daoine is boichte agus is imeallaithe. Mar sin, tá sé tábhachtach a mhíniú do na scoláirí nach dócha go léiríonn an duine óg sa chás-staidéar an saol a chaitheann na daoine óga go léir a bhfuil cónaí orthu sa tír áirithe sin.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ

Tá cothú maith riachtanach do chorp an duine chun fás agus forbairt mar ba chóir. Tá tearcchothú ar cheann de na dúshláin forbartha is tromchúisí, ach is lú a dtugtar aghaidh air, ar domhan inniu. Tá an ceathrú cuid de dhaonra an domhain nach bhfaigheann cothú sách maith. Tacaíonn Cúnamh Éireann, clár oifigiúil comhair forbartha na hÉireann, le tionscnaimh i dtíortha sa Domhan Theas a chabhraíonn lena chinntiú go bhfaigheann páistí óga agus a máithreacha bia níos fearr.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ

Tá go leor eagraíochtaí neamhrialtasacha in Éirinn tar éis glacadh leis an gCód Iompair atá ag Dóchas maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile), agus leis sin tá gealltanais á thabhairt acu gur le meas ar dhínit an duine a léireoidh siad saol na ndaoine boichte. Mar straitéis difreála, d’fhéadfá iarraidh ar na scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar a gcás-staidéar agus Cód Dóchas ar intinn acu, agus aon aiseolas atá acu a chur chuig Dóchas.



Naisc úsáideacha

Geábh eile ar na Spriocanna Domhanda

- 17 Sprioc Dhomhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na cuspóirí a ghabhann leo: www.globalgoals.org

Cuir leis na staitisticí

- Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna – Próifílí tíre: <http://hdr.undp.org/en/countries>

It takes a hero

- Safefood, an feachtas 'It takes a hero to be a bad guy' (ina bhfuil físeáin úsáideacha a rinne Safefood agus baill foirne de chuid FSS): <https://www.safefood.net/start/healthy-eating>
- Bord Bia, faisnéis faoi chothú: <https://www.bordbia.ie/lifestyle/information/>
- Ríomhphost Safefood: info@safefood.eu

<Ctrl-F>


- Tuarascáil bhliantúil ó Chúnamh Éireann, clár oifigiúil an rialtais maidir le comhar um fhorbairt: <https://www.irishaid.ie/news-publications/publications/>

Trí shúile eile

- Liosta na n-eagraíochtaí Éireannacha a bhíonn ag plé le forbairt thar lear: <https://www.dochas.ie/membership/our-members>

Amach anseo, ní thabharfaidh dochtúir aon chógas ach áiteoidh sé nó sí ar an othar aire a thabhairt don chorp, aiste bia a roghnú go cúramach agus a bheith eolach maidir le cúiseanna galar agus conas iad a chosc.

**Thomas Edison (1847-1931),
aireagóir agus fear gnó as
Meiriceá**



SNÁITHE A HAON: BIA, SLÁINTE AGUS SCILEANNA CISTINEACHA

GNÉ: MAIREACHTÁIL FHREAGRACH AGUS INBHUANAITHE



Toradh foghlama mar thús aistir = TF 1.15

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: ‘tionchar a chuid roghanna bia ó thaobh na héiceolaíochta agus na heitice a iniúchadh’



FOCUS: OCRAS AGUS CUR AMÚ BIA

As measc 7.7 billiún duine ar domhan, de réir Chlár Bia Domhanda na Náisiún Aontaithe, in 2019 ní raibh a ndóthain bia ag dhá bhilliún duine nó ní raibh soláthar slán bia acu. Is mór an chúis imní é sin toisc gur léiriú é ar ardú ar an ocras ar domhan ó bhí 2016 ann, agus gurb í mór-roinn na hAfraice is mó atá thíos leis. Is féidir an 2 bhilliún duine sin a roinnt idir iadsan nach féidir leo brath ach cuid éigin ar an soláthar bia, agus iad siúd nach féidir leo brath ar chor ar bith ar an soláthar bia. Na daoine nach féidir leo brath ach cuid éigin ar sholáthar bia, ní bhíonn siad cinnte an mbeidh ar a gcumas bia a fháil, agus ag amanna áirithe den bhliain b’fhéidir go mbeidh orthu caighdeán agus/nó méid an bhia a itheann siad a laghdú. D’fhéadfadh sé gurb é is cúis leis sin nach bhfuil a ndóthain airgid acu, ná a ndóthain acmhainní eile. Is léir go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag an easpa bia, nó an easpa bia maith, ar chothú, sláinte agus folláine na ndaoine. Iad siúd nach féidir leo brath ar chor ar bith ar an soláthar bia, bíonn ocras orthu agus, sa chás is measa, bíonn siad laethanta as a chéile gan aon rud a ithe. Is mór an baol é sin dá sláinte agus dá bhfolláine. An tráth céanna a bhfuil deacrachtaí maidir le soláthar bia ag an 2 bhilliún duine sin, tá eipidéim mhurtaill i ngach réigiún ar domhan.

Cé go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine ar domhan a bhfuil ocras orthu, tá fadhb mhór ann ag an am céanna maidir le cur amú bia, agus meastar go gcuirtear 1.3 billiún tonna bia amú gach bliain. Is ionann é sin agus aon trian den bhia go léir a tháirgtear do dhaoine. Ní hé amháin go gcuirtear amú an tairbhe atá le baint as talamh feirme atá suas le 200 uair chomh fairsing le hÉirinn, agus go ndéantar dochar do ghnáthóga agus don bhiathéagsúlacht i ngnáthóga agus sa mhuir, ídionn an bia sin a chuirtear amú 250 km3 uisce (nó riachtanais uisce tí uile an domhain) agus trí chéad milliún bairille ola. An bia a chuirtear amú, is é is cúis le

AN MÉID BIA A CHAILLTEAR AGUS A CHUIRTEAR AMÚ AR DOMHAN I NGACH GRÚPA TRÁCHTEARRAÍ IN AGHAIDH NA BLIANA:

30%



GRÁNAIGH

I dtíortha tionsclaithe, caitheann tomhaltóirí amach 286 milliún tonna táirgí gránaigh.

20%



TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA

San Eoraip aisti féin, cailltear nó cuirtear amú 29 milliún tonna táirgí déiríochta gach bliain.

35%



IASC AGUS BIA MARA

I gcás 8% de na héisc a ghabhtar ar fud an domhain, caitear ar ais san fharraige iad. I

45%



TORTHAÍ AGUS GLASRAÍ

Cuirtear amú beagnach leath de na torthaí agus glasraí a tháirgtear.

20%



FEOIL

As na 263 milliún tonna feola a tháirgtear ar fud an domhain, cailltear nó cuirtear amú níos mó ná 20% de bhformhór na gcásanna bíonn siad marbh, ag fáil bháis nó gortaithe go dona.

20%



OLASHÍOLTA AGUS GLASRAÍ PISEÁNACHA

Gach bliain, ar fud an domhain, cailltear nó cuirtear amú 22% den mhéid olashíolta agus glasraí piseánacha a tháirgtear.

45%



GLASRAÍ FRÉIMHE AGUS TIÚBAIR

I Meiriceá Thuaidh agus san Aigéine astu féin, cuirtear amú 5 814 000 tona glasraí fréimhe tiúbair ag céim an tomhaltais amháin.

Fíor 3: An méid bia a chailtear agus a chuirtear amú ar domhan i ngach grúpa tráchtearraí in aghaidh na bliana. Foinse: Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, 2015

10% d'astaíochtaí an domhain. Ó thaobh méid na n-astaíochtaí, níl ach Meiriceá agus an tSín atá níos measa ná sin. Tá ár gcóras bia domhanda briste agus mar sin tá an bonn á bhaint den chumas a bheidh ag na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh maireachtáil ar phláinéid atá seasmhach agus ina bhfuil saibheas éiceolaíochta.

Cuirtear roinnt bia amú mar gheall ar dhroch-chleachtais maidir le barra a bhaint nó earraí a tháirgeadh, le linn stórála nó nuair a bhíonn earraí á n-iompar, ach cuireann gnólachtaí nó teaghlaigh aonair a lán bia amú freisin. San Eoraip, cuirtear 88 milliún tonna bia amú (ar a dtugtar *dramhbhia*) agus, in Éirinn aisti féin, caitheann gnólachtaí agus tomhaltóirí amach thart ar 1 mhilliún tonna bia gach bliain. Is ionann é sin agus a rá go gcaitheann gach teach sa tír amach luach idir €700-€1,000 bia in aghaidh na bliana. Is iad torthaí agus glasraí, cosúil le húlra, bananaí agus prátaí, na cineálacha bia is minice a chuirtear amú. Cuirtear an chuid is mó den bhia sin i líonadh talún nó déantar é a dhó.

Tá sé geallta ag an bpobal idirnáisiúnta dul i ngleic le cur amú bia trí Sprioc 12 (táirgeadh agus tomhaltas freagrach), ceann de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Deirtear i Sprioc 12.3 go ndéanfar an caillteanas bia ag céim na táirgeachta agus feadh an tslabhra soláthair, mar aon le cur amú bia ar an leibhéal miondíola agus leibhéal an tomhaltóra, a laghdú faoina leath faoin mbliain 2030. I measc na réitigh tá táirgeacht na mbarr a mhéadú i náisiúin bhochta, cur leis an méid uisce a stóráiltear ar domhan, úsáid níos cúramaí a bhaint as leasacháin agus feabhas a chur ar rialacháin a bhaineann leis an gcomhshaol.


Sampla maith d'fhiontar sóisialta Éireannach atá ag dul i ngleic le cur amú bia is ea FoodCloud. Is iad Iseult Ward agus Aoibheann O'Brien a bhunaigh an t-eagras sin in 2013. Is é an fhís atá ag FoodCloud ná nach gcuirfeam amú aon bhia maith ar domhan. Is é a dhéanann FoodCloud ná an teicneolaíocht a úsáid chun gnólachtaí bia a chur i dteagmháil le carthanais. Is féidir le gnólachtaí bia, cosúil le feirmeoirí, déantóirí agus dáileoirí, bia breise a sheoladh chuig moil FoodCloud i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh. Déantar é a athdháileadh ar charthanais ó na moil sin. Ach aip FoodCloud a bheith ag ollmhargaí, is féidir leo tuairisc ar an mbia nach féidir leo a dhíol a uaslódáil. Faigheann carthanais áitiúla a bhfuil an aip acu an fógra sin agus is féidir leo socrú a dhéanamh teacht agus an bia a bhailiú. Is é an buntáiste atá ann do ghnólacht bia ná go dtugann sé cúnamh fiúntach don tsochaí, agus is féidir le carthanais bheaga a gcuid airgid a chaitheamh ar sheirbhísí eile in ionad bia a cheannach leis.

Foinsí:

Suíomh gréasáin FoodCloud.

FAO, IFAD, UNICEF, WFP agus WHO (2020). *The State of Food Security and Nutrition in the World*.

Stop Food Waste. The Environmental Impact of Food Waste. Comhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe (2019). *Special edition: progress towards the Sustainable Development Goals: Report of the Secretary-General*.



Fíor 4: FoodCloud, ag cabhrú le daoine gan bia a chur amú



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 1:** Deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta, cibé cén áit a bhfuil sí
- **Sprioc 2:** Deireadh a chur leis an ocras, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach agus an talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn
- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 8:** Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás geilleagrach atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar lánfhostaíocht tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách
- **Sprioc 9:** Bonneagar a bhfuil teacht aniar ann a thógáil, tionsclaíocht chuimsitheach, inbhuanaithe a chur chun cinn agus an nuálaíocht a chothú
- **Sprioc 12:** A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim
- **Sprioc 13:** Beart práinneach a dhéanamh chun cur i gcoinne an athraithe aeráide agus a chuid iarmhairtí
- **Sprioc 14:** Na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe
- **Sprioc 15:** Éiceachórais talún a chosaint, a athshlánú agus a n-úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú ar shlí inbhuanaithe, cur i gcoinne fairsingiú fásaigh, díghrádú talún a stopadh agus a chur ar gcúl agus deireadh a chur le cailteanas bithéagsúlachta



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Cas amach é

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.16, 2.7 agus 2.8

Athscríobh liricí an amhráin is fearr leat chun aird a dhíriú ar an bhfadhb atá againn ar domhan maidir le cur amú bia.

Leid: Más é Ed Sheeran is ansa leat, b'fhéidir go bhfaighfeá spreagadh ó éisteacht le Global Citizen (2017), 'If Ed Sheeran's Shape of You was about food waste' (2.25 nóiméad) (féach na naisc ar leathanach 25).

Réitigh ar an slabhra soláthair

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.16, 2.7 agus 2.8

Is casta an rud é an córas bia nó an slabhra soláthair agus tá réitigh le fáil ag gach céim ar fhadhb an bhia a chuirtear amú, agus tá freagracht ar dhaoine as ag gach céim freisin.

Féach ar 'Food Waste Footprint' (3.15 nóiméad) ón Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta (2013) (féach na naisc ar leathanach 25).

Bunaithe ar a bhfuil ar eolas agat cheana nó a fheiceann tú nó a chloiseann tú san fhíseán, líon isteach an tábla seo:

Slabhra soláthair	Réitigh
Feirmeoirí/táirgeoirí	
Miondíoltóirí	
Tomhaltóirí	
Lucht déanta beartas (Rialtas/seirbhísigh phoiblí)	

FoodCloud

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.16, 2.7 agus 2.8

Féach ar shuíomh Gréasáin FoodCloud (féach na naisc ar leathanach 25).

Aimsigh liosta na miondíoltóirí a bhíonn ag déileáil le FoodCloud faoi láthair.

Leid: féach faoi rannán na gcomhpháirtithe miondíola ar FoodCloud.

Seol ríomhphost chuig ceann de na miondíoltóirí atá i gcomhpháirtíocht le FoodCloud. Ba chóir na nithe seo a leanas a lua sa ríomhphost: dhá rud nó níos mó atá ar eolas agat faoin bhfadhb atá ann ar domhan maidir le bia a chur amú; rud amháin ar a laghad atá á dhéanamh agat sa bhaile nó ar scoil chun an fhadhb sin a réiteach; go bhfuil eolas uait faoin bhfáth a bhfuil baint acu le FoodCloud; agus go bhfuil tuilleadh eolais agus samplaí uait den chaoi a bhfuil an miondíoltóir sin ag obair chun dul i ngleic le cur amú bia.

Cuir le chéile freagraí na miondíoltóirí i gcur i láthair faoi bhealaí chun gan bia a chur amú. Taispeáin é do dhuine amháin nó níos mó de na múinteoirí Staidéir Gnó sa scoil.

Leid: téigh i bhfeidhm ar an múinteoir Staidéir Gnó trína rá leis nó léi go mbaineann do chur i láthair le Snáithe a Dó: Fiontar (go háirithe an ghné 'cúrsaí gnó a fhiosrú').

An aip Evocco

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.9

Leis an aip Evocco, is féidir le lucht siopadóireachta a bheith níos inbhuanaithe trí lorg carbóin a gcuid bia a rianú agus leideanna pearsantaithe a fháil chun a scór siopadóireachta a fheabhsú.

Íoslódáil an aip Evocco (féach na naisc ar leathanach 25).

Déan iarracht do scór a fheabhsú thar thréimhse a bheidh socraithe agat roimh ré.

Pléigí bhur gcuid iarrachtaí sa rang.



Lón scoile amú?

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.7, 1.16, 2.7, 2.8 agus 2.10

Déan iniúchadh ar an mbia a chuirtear amú as do lón scoile féin le linn seachtaine. Úsáid an bhileog thaifeadta ó Stop Food Waste (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile), nó ceann cosúil léi, lena bhreacadh síos cén cineál bia a chuirtear amú (e.g. bananaí), sonraí (e.g. bhí a leath donn), cad a tharla don bhia sin (e.g. cuireadh sa bhosca bruscair é), cén fáth ar caitheadh amach é (e.g. bhí sé donn), agus an meáchan a bhí ann i ngraim.

Ag deireadh na seachtaine, breathnaigh siar ar do bhileog thaifeadta agus smaoinigh ar an gcúis is mó atá leis an gcur amú bia.

Cuir do chuid torthaí san áireamh agus do lón scoile á phleanáil agus á réiteach agat feasta.

Míreanna mearaí

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.2, 1.6, 1.7, 1.16, 2.7, 2.8 agus 2.10

Roinn an rang ina chúig ghrúpa scoláirí. Déanfaidh gach grúpa taighde faoi cheann de na rannáin seo a leanas den suíomh gréasáin Stop Food Waste (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile) agus beidh saineolas acu ar an rannán sin:

- Pleanáil agus siopadóireacht
- Stóráil agus cócaireacht
- Múiriniú

Nuair a bheidh saineolas ag na grúpaí éagsúla sin faoin ngnólacht a roghnaigh siad, atheagraigh na grúpaí sa chaoi is go mbeidh saineolaí amháin i leith gach gnólachta i ngach grúpa. Mínigí dá chéile an méid atá foghlamtha agaibh.

Tráth na gceist séasúrach

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.2, 1.7, 1.16 agus 2.7

Bain úsáid as an bhféilire bia shéasúraigh atá ag Stop Food Waste (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile) chun tráth na gceist a ullmhú do na daoine a bhíonn i mbun siopadóireachta i do theach féin, chun féachaint an bhfuil a fhios acu cé na bianna a bheidh le ceannach sna míonna éagsúla.

Cuir éist orthu an bhféadfaidís iarracht a dhéanamh torthaí agus glasraí séasúracha a chur ar an liosta siopadóireachta as seo amach, nó, níos fearr fós, abair leo go bhféadfá féin an liosta siopadóireachta a scríobh.

Fuilleach bia

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.2, 1.3, 1.5, 1.7, 2.7 agus 2.8

Déanaigí leabhar ranga ina mbeidh oidis i gcomhair béilí, sneaiceanna, earraí bÁCáilte agus/nó subh déanta as fuilleach bia.

Leid: Faigh spreagadh ón iomaí oideas atá ar fáil ar líne ó na cócairí cáiliúla is fearr leat féin.

Téigh ag obair sa chistin sa bhaile nó ar scoil agus eagraigh seisiún ina mbeidh an deis ag do theaghlach nó ag cairde leat blaiseadh de bhéile deas atá déanta as fuilleach bia.

Leid: Ná déan dearmad níochán maith a thabhairt do do lámha, na huirlisí cistine agus an cuntar roimh chócaireacht agus tar éis cócaireachta. Nár dheas an rud é triail a bhaint as táirgí glantacháin inbhuanaithe a dhéanamh agus a úsáid, agus iad a chur i gcomparáid le táirgí glantacháin ón siopa?

Céir bheach

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.5, 1.16, 2.7 agus 2.8

Déan taighde faoi conas clúdach a dhéanamh as éadach agus céir bheach chun cabhrú leat fuilleach bia a stóráil sa chuisneoir, agus bain triail as.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ

Is clár Éireannach é Stop Food Waste a mhaoinear faoin gClár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola atá ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Faoin gclár sin, bíonn go leor eagraíochtaí, pobal agus daoine aonair ag obair le chéile chun eolas cuimsitheach a chur ar fáil faoin mbia a chuirimid amú agus faoi conas cur amú bia a sheachaint.

Eolas faoin mbosca bruscair donn

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.16, 2.7 agus 2.8

Breathnaigh ar Cré (2014), 'How to recycle food waste in Ireland' (2.14 nóiméad) (féach na naisc thíos).

Agus tú ag breathnú air, breac síos do chuid freagraí ar na ceistanna seo a leanas:

- Cad ba cheart duit a dhéanamh le fuilleach bia?
- Cad leis ar cheart duit do choimeádán múirín sa chistin a líneáil?
- Cén bia, amh agus/nó cócaráilte, is féidir leat a chur isteach i do choimeádán múirín?
- Cad iad na hearraí nach bia iad is féidir leat a chur isteach i do choimeádán múirín?
- Cad iad na hearraí nach bia iad nár cheart duit a chur isteach i do choimeádán múirín?
- Cad a tharlaíonn don mhúirín tar éis don ghnólacht dramhaíola é a bhailiú?

Agus sibh ag obair in bhur mbeirteanna, déanaigí grafaic faisnéise nó póstaer faoi céard is ceart a chur (nó gan a chur) sa bhosca bruscair donn. Bíodh an t-eolas dírithe ar scoláirí óga in bhur scoil féin.



Naisc úsáideacha

Cas amach é

- Global Citizen (2017), 'If Ed Sheeran's Shape of You was about food waste' (2.25 nóiméad): <https://www.youtube.com/watch?v=B1-pKW0t2yM>

Réitigh ar an slabhra soláthair

- An Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta (2013), 'Food Waste Footprint' (3.15 nóiméad): <https://www.youtube.com/watch?v=loCVrkcaH6Q>

An aip Evocco

- Aip bhia Evocco: <https://www.evocco.com/>

Lón scoile amú?

- Bileog thaifeadta i gcomhair Stop Food Waste: <https://stopfoodwaste.ie/wp-content/uploads/2018/04/recording-sheet.pdf>

FoodCloud: <http://www.foodcloud.ie/>

Míreanna mearaí

- Pleanáil agus siopadóireacht: <https://stopfoodwaste.ie/resources/planning-shopping>
- Stóráil agus cócaireacht: <https://stopfoodwaste.ie/resources/storage-cooking>
- Muiríniú: <https://stopfoodwaste.ie/resources/composting>

Tráth na gceist séasúrach

- Féilire bia shéasúraigh ó Stop Food Waste: <https://stopfoodwaste.ie/wp-content/uploads/2020/01/Print-Seasonal-Calendar-2020-2.pdf>
- Ábhar don Eacnamaíocht Bhaile ó Stop Food Waste: <https://stopfoodwaste.ie/wp-content/uploads/2019/11/SFW-Homec-Pack-7-1.pdf>

Eolas faoin mbosca bruscair donn

- Cré (2014), 'How to recycle food waste in Ireland' (2.14 nóiméad): <https://www.youtube.com/watch?v=xMGXcfw-E0k>

SNÁITHE A DÓ: SAOL TEAGHLAIGH FREAGRACH

GNÉ DEN SNÁITHE: CUMHACHTÚ AN DUINE AONAIR AGUS AN TEAGHLAIGH



Toradh foghlama mar thús aistir = TF 2.2

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'róil agus freagrachtaí an teaghlaigh a fhiosrú'




FÓCAS: Seoltáin

In 2015, d'aontaigh 193 ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe dul ag obair le chéile chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht ar domhan, neamhionannas eacnamaíoch a laghdú agus an domhan a chur ar bhóthar níos inbhuanaithe. Chomhaontaigh siad go mbeadh an plean sin, ar a dtugtar Transforming our World nó na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe, curtha i bhfeidhm faoin mbliain 2030. Is spriocanna uilíocha iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, rud a chiallaíonn gur ar gach duine atá siad dírithe: tá sé de cheart ag gach duine i ngach áit maireachtáil ar phláinéid inbhuanaithe, slí bheatha shlán a bheith aige nó aici agus go gcaithfí go cóir agus go cothrom leis nó léi; agus caithfidh gach tír a bheith ag obair chun na Spriocanna a bhaint amach.

Trí ghealltanas a thabhairt go mbainfear amach na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe atá ag na Náisiún Aontaithe, d'aithin Éire, agus na ballstáit eile, gur gníomhairí athraithe agus príomhpháirtithe iad oibríthe imirceacha agus a dteaghlaigh chun cuidiú le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

In 2019, measadh go raibh 271.6 milliún imirceach ar domhan. Is ionann na daoine sin agus 3.5% de dhaonra an domhain, domhan ina bhfuil daoine ag gluaiseacht ó thír go tír leis na cianta. A lán daoine a théann ar imirce óna dtír dhúchais, seolann siad airgead ar ais abhaile go rialta chuig a dteaghlach agus chuig cairde leo. Tugtar 'seoltáin' ar na haistrithe airgid sin. I scéal na himirce, is annamh a bhíonn trácht ar na seoltáin. Ach is scéal é an sreabhadh airgid sin a insíonn dúinn faoi íobairt phearsanta ollmhór, faoi theaghlaigh dheighilte a bhfuil tuismitheoir amháin nó an bheirt as baile le blianta fada, faoi pháistí ag fás aníos le seantuismitheoirí, faoi dhaoine aosta ag maireachtáil ina n-aonar ar an airgead a thagann ó thar lear. Is scéal é faoi fhreagracht, faoin dualgas a bhíonn orainn i leith an teaghlaigh agus faoin gceangal leis an bpobal dúchais.



Fíor 5: Líon iomlán na n-imirceach a bhí ag dul ó thír go tír i lár na bliana 2019 (Foinse: ROSA na Náisiún Aontaithe, 2019)

Dar leis an gCoimisiún Eorpach, tá Éire ar cheann de na tíortha san Aontas Eorpach is lú a bhíonn ag brath ar sheoltáin. Ní mar sin a bhí i gcónaí. Go dtí le déanaí, bhí stair eisimirce ag Éirinn, agus bhí an-chleachtadh ag muintir na tíre seo ar ghluaiseacht daoine agus ar na seoltáin a cuireadh abhaile mar gheall ar an ngluaiseacht sin. Tar éis babhta ollmhór imirce a tharla le linn an Ghorta Mhóir, thosaigh Rialtas na Breataine ag bailiú sonraí faoi sheoltáin Éireannacha, agus ag rianú orduithe airgid agus aistrithe bainc trí institiúidí airgeadais.

In 1850, bhunaigh eisimircigh Éireannacha i Nua Eabhrac an Emigrant Industrial Savings Bank (Banc Taisce Tionscail na nEisimirceach), chun cuidiú le daoine airgead a chur abhaile ar rátaí ísle. Lean an eisimirc agus seoladh na seoltán ar aghaidh le bunú Shaorstát na hÉireann in 1921. In 2012, thiomsaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh figiúirí don tréimhse 1940-1970, lenar taispeánadh gurbh fhiú €183 milliún na seoltáin agus na hoidhreachtaí a seoladh ón Ríocht Aontaithe go hÉirinn gach uile bhliain.

In 2019, mheas an Banc Domhanda gurbh fhiú US \$551 billiún na seoltáin, ach ní áirítear ansin méideanna beaga airgid a aistríodh ar bhealaí nach furasta monatóireacht a dhéanamh orthu, mar shampla, airgead a sheoltar ar eitleáin nó trí fhóin chliste. Chun an sreabhadh airgeadais sin a chur i gcomhthéacs, meastar gur fiú na seoltáin ar domhan trí hoiread luach an airgid a chaitheann rialtais ar fud an domhain ar an gcúnamh forbartha thar lear. Measann na Náisiúin Aontaithe go seolfar US \$6.5 trilliún i seoltáin idirnáisiúnta chuig tíortha i mbéal forbartha idir 2015 agus 2030. Mar sin féin, tá an chuma ar an scéal go mbeidh tionchar mór ag COVID-19 ar chumas a lán imirceach luach na seoltán a choinneáil chomh hard is a bhí sular tháinig an ráig sin.

Cé go bhfuil méid comhiomlán na seoltán an-mhór, is é fírinne an scéil é gur méideanna beaga a sheolann daoine aonair atá i gceist; is US \$200 nó US \$300 gach mí nó dhó a bhíonn i gceist lena bhformhór. Ach is suim mhór é iomlán na suimeanna beaga. Is ionann luach na seoltán agus thart ar 15 faoin gcéad den mhéid a thuilleann imircigh ar fud an domhain, agus fanann an chuid eile dá n-ioncam ina dtír óstach. Tá billiún duine ar domhan, duine as gach seachtar, a bhfuil baint acu leis na seoltáin: cuireann siad iad nó faigheann siad iad. Baineann duine as gach naonúr ar domhan – timpeall 800 milliún duine – leas as na sreafaí airgid sin.

Formhór na seoltán, cuirtear iad díreach chuig na daoine is boichte agus is leochailí i dtíortha ar ioncam íseal agus ar mheánioncam, agus is minic gur chuig daoine a chónaíonn i gceantair thuaithe a théann siad. Cuidíonn seoltáin linn dul i ngleic le bunchúiseanna na bhfadhbanna is cúis leis an imirce ar an gcéad dul síos, ionas gur féidir le daoine dul ar imirce dá ndeoin féin in ionad imeacht óna dtír féin gan an dara rogha a bheith acu. D'fhéadfadh sé gur ó na seoltáin a thagann suas le 60 faoin gcéad d'ioncam iomlán teaghlaigh, agus tugann an t-airgead sin teaghlaigh slán. Nuair a fhaightear seoltán, is iondúil go gcaitear an t-airgead ar rudaí atá ag teastáil láithreach bonn: bia a chur ar an mbord, costais leighis nó táillí scoile a íoc, etc. Má tharlaíonn géarchéim theaghlaigh, cliseadh barr nó babhtáí adhaimsire mar gheall ar an athrú aeráide, is minic a sheolann oibrithe imirceacha tuilleadh airgid. Déantar luach thart ar 25% de na seoltáin, nó os cionn US\$100 billiún in aghaidh na bliana, a shábháil nó a infheistiú i dtógáil sócmhainní nó i ngníomhaíochtaí as a n-eascaíonn ioncam agus poist, go háirithe i gceantair thuaithe. Má úsáidtear ar an mbealach sin iad, is féidir le seoltáin spreagadh mór a thabhairt don fhorbairt.

Is rud costasach é seoltán a chur ag duine. Cosnaíonn aistriú airgeadra agus na táillí a ghearrann bainc nó eagraíochtaí aistrithe, ar an meán ar fud an domhain, seacht faoin gcéad den mhéid a sheoltar. Tá sé mar aidhm faoi Chuspóir 10.c de na Spriocanna Domhanda costais idirbhearta a laghdú go dtí níos lú ná trí faoin gcéad faoi 2030; agus fáil réidh le sreafaí ó tír amháin go tír eile a chosnaíonn níos mó ná cúig faoin gcéad den tsuim iomlán. Is féidir leis an nuálaíocht theicniúil, cosúil le teicneolaíochtaí móibíleacha, in éineacht le rialacháin níos fearr agus níos cothroime, cuidiú le cur chuige níos cothroime ó thaobh an cheartais shóisialta a chinntiú maidir le seoltáin.

Foinsí:

Comerford, E. (2019). 'Invisible Income – Remittances from the Diaspora sustained Ireland for over a century'. *The Irish Story*: <http://www.theirishstory.com>

McCárthaigh S. 'Migrants sent €785m home to their families'. *Irish Examiner*, 21 November 2018.

Tairseach sonraí imirce: <https://migrationdataportal.org>

Ciste Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Talmhaíochta (IFAD) (2019). 'Sending money home: 10 reasons why remittances matter': <https://www.ifad.org>

Na Náisiúin Aontaithe. 'Remittances and the SDGs': <https://www.un.org/en/events/family-remittances-day/un-action.shtml>



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoi mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 1:** Deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta, cibé cén áit a bhfuil sí
- **Sprioc 2:** Deireadh a chur leis an ocras, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach agus an talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn
- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 4:** A chinntiú go mbeidh oideachas ardchaighdeán, atá cuimsitheach agus cothrom, ar fáil agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do chách a chur chun cinn
- **Sprioc 5:** Deireadh a chur leis an ocras, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach agus an talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn
- **Sprioc 6:** A chinntiú go mbeidh fáil ag gach duine ar uisce agus sláintíocht agus go ndéanfar bainistíocht inbhuanaithe orthu
- **Sprioc 7:** A chinntiú go mbeidh fáil ag gach duine ar fhuinneamh ar phraghas réasúnta, atá iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha
- **Sprioc 8:** Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás geilleagrach atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar lánfhostaíocht tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha
- **Sprioc 12:** A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim
- **Sprioc 17:** Neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Dollair á seoladh le grá

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.3

Breathnaigh ar an bhfíseán le Dilip Ratha 'The hidden force in global economics: Sending money home,' TedGlobal (16.52 nóiméad) (féach na naisc ar leathanach 31).

Nuair a bheidh sé feicthe agat, téigh ag obair leis an rang chun liosta a dhéanamh de na Spriocanna Domhanda is féidir a bhaint amach leis na seoltáin (i gcás na dteaghlach a fhaigheann iad).

International Day of Family Remittances

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.3

Breathnaigh ar 'International Day of Family Remittances' (2.50 nóiméad) (féach na naisc ar leathanach 31).

An chéad uair a bhreathnóidh tú air, roghnaigh duine amháin san fhíseán chun díriú air nó uirthi.

An dara huair a bhreathnóidh tú air, scríobh síos na freagraí a thug an té a roghnaigh tú ar na ceisteanna a cuireadh air nó uirthi san fhíseán.

Téigh i bpáirt le scoláirí eile i do rang a roghnaigh an duine céanna agus déanaig comparáid idir bhur gcuid freagraí.

Tar éis an chioclóin

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.10 agus 2.13

In 2015, bhuaill Cioclón Trópaiceach darb ainm Winston Oileán Fidsí. Ba é sin an chéad uair a bhuaill cioclón de chatagóir 5 an t-oileán.

Breathnaigh ar ‘After the cyclone: The power of remittances’ (2.43 nóiméad) (féach na naisc ar leathanach 31).

Samhlaigh gur imirceach as Fidsí tusa a bhfuil cónaí ort in Éirinn. Tá tú ag iarraidh airgead a sheoladh chuig do theaghlach i ndiaidh Chioclón Winston.

Úsáid dhá shuíomh gréasáin a dhéanann comparáid idir aistrithe airgeadra (féach na naisc ar leathanach 31) chun an margadh is fearr a fháil ar EUR150.00 a aistriú go Fidsí. Is iad na critéir chun socrú céard é an margadh is fearr: an costas is ísle ar an athrú airgeadra móide táillí eile, agus an líon laethanta is lú idir an t-airgead a chur chun bealaigh agus é a fháil.

Cuspóir 10c

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.11

Is é Cuspóir 10c (de na Spriocanna Domhanda):

Faoi 2030, costas idirbhirt i ndáil le seoltán imirceach a laghdú go dtí níos lú ná 3 faoin gcéad den iomlán agus deireadh a chur le seoltáin ar mó a gcostas ná 5 faoin gcéad.

Mar sin, ba cheart do na tíortha a gheall na Spriocanna Domhanda a bhaint amach, Éire ina measc, rialacháin a thabhairt isteach agus teicneolaíochtaí a fheabhsú ionas gur táille 3% ar a mhéad a ghearrfar ar imircigh idirnáisiúnta a aistríonn airgead ar ais chuig a dteaghlach nó chuig cairde leo. Ciallaíonn sé freisin gur cheart do thíortha rialacháin a thabhairt isteach chun fáil réidh le sreafaí seoltáin ó thíortha go gcás ina ngearrtar táillí ar mó iad ná 5% den mhéid atá á aistriú.

Seo iad na lógónna i gcomhair Sprioc 10: Neamhionannas laghdaithe, agus i gcomhair na 6 chuspóir a ghabhann le Sprioc 10.

Téigí ag obair le chéile in bhur mbeirteanna le socrú cén lógó a léiríonn Sprioc 10c. Mínigí don rang cén rogha a rinne sibh agus cén fáth.



Teaghlach amháin ag an am

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.3, 2.5 agus 2.7

Cuidíonn seoltáin leis na Spriocanna Domhanda a bhaint amach, teaghlach amháin ag an am. Mar shampla:

- Féadann seoltáin suas le 60% a chur leis an meánioncam atá le caitheamh (ioncam indiúscartha) ag teaghlach a fhaigheann iad. Mar sin bíonn teaghlaigh in ann cur lena gcuid sócmhainní, rud a bhíonn ina chineál árachais nuair a bhíonn an saol éiginnte.
- Nuair a bhíonn breis ioncaim acu, is mó an t-éileamh ar bhia a bhíonn ag na teaghlaigh a fhaigheann seoltáin, rud a chuireann leis an méid bia a tháirgeann an tír ina bhfuil cónaí orthu agus a fheabhsaíonn cothú, go háirithe i measc páistí agus daoine aosta sa teaghlach.
- Na páistí a thagann ar an saol i dteaghlaigh a fhaigheann seoltáin, is airde an meáchan a bhíonn iontu tráth na breithe agus is lú an seans go bhfaighidh siad bás sula mbeidh siad bliain d’aois.
- Bíonn sé ina thoradh ar sheoltáin go gcláraítear beagnach dhá oiread an méid páistí sna scoileanna is a chlárófaí murach iad. Na páistí ó na teaghlaigh a fhaigheann seoltáin, agus go háirithe na cailíní, bíonn tinreamh scoile níos fearr acu, téann níos mó acu ar scoil agus caitheann siad blianta breise ar scoil.
- Fágann na seoltáin go laghdaítear go mór an seans go mbeidh páistí fostaithe agus iad ró-óg (dúshaothrú páistí).

Féach cén Sprioc/cuspóir is féidir a nascadh le gach ceann de na ráitis thuas (féach na naisc ar leathanach 31).



Díospóireacht faoi na seoltáin

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.3 agus 2.7

Léigí na ráitis díospóireachta siúil thíos.

Ina ngrúpaí beaga, bainigí úsáid as an méid atá ar eolas agaibh faoi sheoltáin chun ráiteas breise nó dhó a chumadh fúthu.

Leid: is fearr a oibríonn ráitis díospóireachta siúil más ráitis chinnte nó fiú ráitis chonspóideacha iad, ós rud é go gcothaíonn siadsan easaontas agus go spreagann siad plé.

Iarraigí ar an múinteoir cuid de na ráitis a úsáid, mar aon leis na ráitis thíos, chun díospóireacht siúil a chur ar bun (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile) faoin imirce agus seoltáin.

- Mar gheall ar an eisimirce a bheith ina gné mhór de stair na hÉireann, tá sé de fhreagracht ar mhuintir na hÉireann bá a bheith acu le daoine atá ag gluaiseacht ar domhan.
- Tá sé de fhreagracht ar dhuine a théann ar imirce airgead a chur ar ais (nó a sheoladh ar ais) chuig a thír thionscnaimh
- Spreagann na seoltáin imirce shlabhrúil.
- Tá na seoltáin níos tábhachtaí ná cúnamh oifigiúil thar lear
- Ba cheart go mbeadh seoltáin saor in aisce (gan aon táillí ná gan an costas a bhaineann le hathrú airgeadra)

Fill ar ais chuig an seoltóir

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.1, 1.8, 1.9, 2.5, 2.10 agus 2.13

Samhlaigh gur duine aosta tú a fhaigheann an pinsean seanaoise €248.30 sa tseachtain. Seolann mac nó iníon leat, a chuaigh ar imirce thar lear, iocaíochtaí míosúla chugat a chuireann 60% le do liúntas pinsin.

Ullmhaigh dhá bhuiséad mhíosúla – ceann do dhuine nach bhfuil aige nó aici ach an pinsean stáit agus an ceann eile do dhuine ag a bhfuil an pinsean stáit móide seoltáin ar fiú 60% den phinsean stáit iad.

Déan comparáid idir do bhuiséid agus na buiséid a rinne beirt eile i do rang agus pléigí an difríocht is féidir leis an seoltán a dhéanamh i dtéarmaí cothaithe, sláinte agus folláine agus stíl mhaireachtála.

Traidisiún Éireannach

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.3, 2.5 agus 2.10

Cuir seandaoine muinteartha nó cairde aosta leat faoi agallamh, agus iarr orthu cur síos a dhéanamh ar an eolas nó an taithí phearsanta atá acu ar sheoltáin go hÉirinn san fhichiú aois.

Pleanáil: téigí ag obair le chéile mar rang chun socrú céard iad na critéir ratha a bheidh agaibh maidir leis na hagallaimh. D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith i gceist, mar shampla: líon na ndaoine a cuireadh faoi agallamh, íosfhad ama na n-agallamh; líon na gceisteanna oscailte san agallamh; ceisteanna a bheith san áireamh faoin tairbhe a bhain na daoine sa bhaile as na seoltáin, cén úsáid a baineadh as an airgead agus cad a tharla nuair nár tháinig na seoltáin nó céard a tharlódh mura dtiocfaidís.

Déan: tóg nótaí nó déan an t-agallamh a thaifeadadh, agus déan cinnte go bhfaighidh tú cead ó na daoine atá faoi agallamh.

Úsáid do chuid torthaí chun páirt a ghlacadh i bplé ranga faoi na difríochtaí idir ról agus freagracht na ndaoine a chuaigh ar imirce san am atá thart agus ról agus freagracht imircigh an lae inniu maidir le tacú le teaghlaigh/cairde sa tír thionscnaimh.

Seiceáil Fíricí

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.11

Ar an 12 Samhain 2019, cúisíodh Noel Grealish, Teachta Dála neamhspleách do Ghaillimh Thiar, as ciníochas nuair a d'fhiafraigh sé den Taoiseach an raibh an rialtas ag cinntiú go raibh na seoltáin go léir a aistrítear as Éirinn á rialú i gceart. Luaigh sé sonraí ón mBanc Domhanda a léirigh go ndeachaigh €3.5 billiún in aistrithe pearsanta ó Éirinn go dtí an Nigéir, tír nach bhfuil san Aontas Eorpach, i dtréimhse ocht mbliana, agus cheistigh sé an raibh an t-airgead sin go léir faoi réir 'cánacha cearta'.

Scrúdaigh tuairiscí nuachta faoin gconspóid sin agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad na fadhbanna, más fadhb ar bith, a bhain le sonraí an Bhainc Dhomhanda maidir le seoltáin?
- An raibh foinse sonraí éagsúil le haghaidh seoltáin as Éirinn a d'fhéadfadh Noel Grealish a úsáid?
- An mbeadh pictiúr difriúil den sreabhadh seoltán curtha i láthair dá mba foinse eile sonraí a luadh?
- Cén buntáiste, más buntáiste ar bith, a bhain le sonraí an Bhainc Dhomhanda a úsáid in ionad aon fhoinsí malartacha?
- Cad iad na hargóintí a chuir polaiteoirí eile agus eagraíochtaí a bhaineann le himircigh chun cinn sa díospóireacht seo?
- Cad a cheap pobal na Nigéire in Éirinn?
- Cad a léiríonn an chonspóid a bhí ann de bharr an mhéid a dúirt Noel Grealish faoin dearcadh a bhíonn ag daoine i leith seoltán in Éirinn?



Naisc úsáideacha

Dollair á seoladh le grá

- Dilip Ratha (2014), 'The hidden force in global economics: Sending money home' TedGlobal: https://www.ted.com/speakers/dilip_ratha

Tar éis an chioclóin

- DMA (2016), 'After the cyclone: The power of remittances': https://www.youtube.com/watch?v=O_S-nOFHeGo
- Suímh ghréasáin ina ndéantar comparáid idir bealaí chun airgead a chur thar lear: www.monito.com; <https://transferwise.com/ie/compare/>; www.cuex.com

Teaghlach amháin ag an am

- 17 Sprioc Dhomhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na cuspóirí a ghabhann leo: www.globalgoals.org

Lá Idirnáisiúnta na Seoltán Teaghlaigh

- DMA (2015), 'Happy International Day of Family Remittances': https://www.youtube.com/watch?time_continue=1&v=R4WrF7be6Rc&feature=emb_logo

Díospóireacht faoi na seoltáin

- Treoracha maidir le díospóireacht siúil (Béarla): <https://www.jct.ie/perch/resources/english/walking-debate-strategy-sheet-2.pdf>

Seolaimid airgead ar ais chun cabhrú leis an teaghlach íoc as rudaí cosúil le leictreachas, uisce óil glan agus cógais.

Iníon Okwonko, atur nae ón Nigéir atá ina cónaí in Éirinn

SNÁITHE A DÓ: SAOL TEAGHLAIGH FREAGRACH

GNÉ DEN SNÁITHE: SLÁINTE AGUS FOLLÁINE



Toradh foghlama mar thús aistir = TF 2.4

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'na riachtanais timpeallachta baile atá sábháilte agus cothaitheach a phlé'



FÓCAS: Ceart chun Tithíocht Leormhaith

De réir Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, ba cheart féachaint ar an gceart chun tithíocht nó cóiríocht leormhaith mar cheart chun cónaí in áit shábháilte, le suaimhneas agus dínit. Chinn an Coiste nach bhfuil áit chónaithe leormhaith más rud é:

- Gur féidir na daoine a chónaíonn ann a chur amach le lámh láidir nó cur isteach orthu (i.e. níl daingne tionachta acu)
- Nach bhfuil uisce óil sábháilte, áiseanna sláintíochta sách maith, fuinneamh le haghaidh cócaireachta, téamh, soilse, áit stórála bia nó modh díuscartha bruscair ag na daoine a chónaíonn san áit sin
- Go bhfágann costas tithíochta go bhféadfadh sé nach mbeadh ceann dá gcearta eile ag na daoine sin
- Nach bhfuil an áit chónaithe sábháilte, go bhfuil sí plódaithe, nó nach cosaint í i gcoinne fuachta, taise, teasa, báistí, gaoithe agus bagairtí eile ar shláinte
- Nach gcuirtear san áireamh na riachtanais shonracha atá ag grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus grúpaí imeallaithe
- Go bhfuil sí scoite ó dheiseanna fostaíochta, ó sheirbhísí cúraim sláinte, scoileanna, ionaid cúraim leanaí agus áiseanna sóisialta eile, nó go bhfuil an áit chónaithe i gceantar truailithe nó ceantar contúirteach
- Nach léiríonn an áit chónaithe meas ar fhéiniúlacht chultúrtha ná ar chur in iúl na féiniúlachta sin

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ
Smaoinigh an bhféadfadh na saincheisteanna sa rannán seo dul i gcion ar scoláirí sa rang agus déan an t-ábhar agus na gníomhaíochtaí a oiriúnú dá réir.

Bhí 30,987 duine den Lucht Siúil in Éirinn i ndaonáireamh 2016, nó díreach os cionn 0.7% den daonra iomlán*.

I mí an Mhárta 2017, thug Stát na hÉireann aitheantas oifigiúil don Lucht Siúil mar mhionlach eitneach a bhfuil a dtraidisiúin, a stair, a dteanga agus a gcreideamh ar leith féin acu. Is é an fáth gur an Lucht Siúil a thugtar orthu ná gurb é an traidisiún atá acu a bheith ar fánaíocht ar feadh tréimhsí gearra nó tréimhsí fada ama, ag gluaiseacht ó áit go háit ar chúiseanna cultúrtha agus cúiseanna eacnamaíocha, ar nós earraí a cheannach agus a dhíol, dul chuig margáí agus aontaí agus cur fúthu in áiteanna nua.

* Is dócha gur mó an méid daoine den Lucht Siúil atá in Éirinn ná mar a thugtar le fios i bhfigiúr na Príomh-Oifige Staidrimh ón mbliain 2016. Comhaireadh 36,224 duine sa Staidéar Sláinte Lucht Siúil Uile-Éireann (AITHS, 2010), agus níor comhaireadh ach 29,573 duine díobh i nDaonáireamh na bliana 2011. Tháinig ardú 5.1 faoin gcéad ar fhigiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh idir 2011-2016 ach fós féin ní dhearnadh a chomhaireamh ach 30,987 duine den Lucht Siúil, líon atá fós i bhfad níos ísle ná an líon a comhaireadh faoin AITHS. Bhailigh taighdeoirí píaraí sonraí AITHS agus mar sin is dócháir go mbeidís níos cruinne ná figiúirí an Daonáirimh (2016): d'fhéadfadh sé nár bhailigh áiritheoirí an Daonáirimh faisnéis ón Lucht Siúil mar gheall nár cuireadh oiliúint chuí orthu ina leith sin. Tá bearta glactha ag an stát chun aghaidh a thabhairt ar an gceist sin agus tá eagraíochtaí an Lucht Siúil ag obair i ndlúthpháirt leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus lena áiritheoirí lena chinntiú go ndéanfar comhaireamh níos cruinne ar dhaoine den Lucht Siúil sna daonáirimh feasta.

San am atá caite, bhíodh ról ríthábhachtach ag an Lucht Siúil i sochaí na tuaithe, agus iad ina n-oibrithe talmhaíochta séasúracha, gaibhne stáin, ceoltóirí, siamsóirí agus filí, ag trádáil capall agus earraí tí, agus ag tabhairt nuacht ó cheantar amháin go ceantar eile.

Thaistil muid gach cuid de Mhaigh Eo agus síos chomh fada le Sligeach. Ba chuma le daoine cá gcuirfeá fút an tráth sin. Bhí meas mór orainn. Bheifeá ag baint mhóna leo, ag bailiú prátaí agus ag baint fhéir. **Martin Lawrence, Maigh Eo.**


Bhíodh an Lucht Siúil ar fánaíocht ar feadh cuid den bhliain nó ar feadh na bliana ar fad, ag brath ar a gcuid nósanna trádála agus teaghlaigh. Bhíodh roinnt acu ag gluaiseacht ó áit amháin go háit eile, ag leanúint na mbealaí céanna i gceantar réasúnta beag agus ag fanacht in aon áit amháin ar feadh na míonna geimhridh ina raibh an aimsir ba mheasa. Thaistil daoine eile timpeall ar cheantair níos mó i rith na bliana. Meastar gur norm cultúrtha é ceangal teaghlaigh agus naisc leis an teaghlach sínte a chothú, agus is minic a aithníonn an Lucht Siúil iad féin de réir a n-ainm teaghlaigh.

Tharla athruithe tapa i sochaí na hÉireann sna 1960í i dtéarmaí tionsclaíochta, innealra feirmeoireachta a bheith ag teacht chun cinn, fáil a bheith ag tuilleadh daoine ar an teilifís agus ar an raidió, agus plaisteach a bheith ar fáil ar phraghas réasúnta. Mar gheall ar na hathruithe sin, ba lú na deiseanna oibre a bhí ann don Lucht Siúil, rud a chuaigh i gcion ar an modh maireachtála a bhíodh acu roimhe sin, agus iad ar fánaíocht ó áit go háit. Bhog daoine den Lucht Siúil chuig ceantair uirbeacha, ar thóir slite beatha. Le himeacht ama, agus béim níos mó á cur ar rialacháin phleanála áitiúla agus leis an athrú a tháinig ar dhearcadh an phobail i leith spásanna poiblí agus úsáid talún, tháinig brú ar an saol fánaíochta. Sa lá atá inniu ann, is iondúil nach é an oiread taistil a dhéanann formhór mór an Lucht Siúil mar gheall go ndearnadh coir dá mbealach maireachtála fánaíochta le dlíthe ar nós na Reachtáíochta maidir le Treaspás (2001), faoinar cion coiriúil é treaspás a dhéanamh ar aon talamh atá faoi úinéireacht phoiblí nó phríobháideach. Cuirtear an reachtáíocht sin i bhfeidhm go tréan ar bhealach comhsheasmhach.

Bunaíodh an Coiste Comhairleach um Shreothaíocht in 1960 chun ‘fiosrú a dhéanamh ar na fadhbanna a d’eascair as líon mór daoine den lucht siúil a bheith sa tír’ (aistriúchán ón mbunleagan Béarla), rud a chuir an Lucht Siúil i láthair mar fhadhb ón gcéad lá riamh. Chreid an Coimisiún ‘go nglacfar an chéad chéim mhór i dtreo réiteach a fháil ar go leor de na fadhbanna a eascraíonn as saol an Lucht Siúil (an saol sreothaíochta) nuair is féidir áit chónaithe bhuan a fháil don teaghlach de chuid an Lucht Siúil nó ceadú don teaghlach sin socrú síos in áit bhuan’ (aistriúchán ón mbunleagan Béarla). Réitigh sé sin an bealach do chur chuige i leith cóiríocht don Lucht Siúil faoina nglacfaí isteach sa mhór-shochaí iad, rud atá le sonrú fós sa lá atá inniu ann. Ba choincheap réasúnta nua é an t-eitneachas sna 1960í agus níor smaoinigh an Coimisiún go mb’fhéidir gurbh fhearr le daoine den Lucht Siúil cloí leis an saol fánaíochta ná cur fúthu i dteach.

Mothaíonn tú uaigneach agus scoite ón saol nuair a bhogann tú isteach i dteach den chéad uair. Ní athróinn an chaoi ar tógadh mé. Dá bhféadfainn an tógáil chéanna a thabhairt do mo pháistí féin, sin é a dhéanfainn. Nuair is é sin an saol a bhí agat, is bealach maireachtála é a bhíonn i do chroí i gcónaí. **Mary Margaret McDonagh, Ros Comáin.**

Fós féin, is é an freagra a thugtar ar bhearta maidir le cóiríocht a chur ar fáil don Lucht Siúil i measc tiarnaí talún a bhfuil tithe príobháideacha ar cíos acu agus i bhfeidhmeanna na n-údarás áitiúil ná “ceart go leor ach ní anseo”. Faoi Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 leagadh de chúram ar údaráis áitiúla Pleananna Cóiríochta don Lucht Siúil a dhréachtú a chlúdódh tréimhse cúig bliana, i gcomhairle le daoine áitiúla den Lucht Siúil. Chun aighneas áitiúil a laghdú, bhí maoiniú le haghaidh láithreáin stad nó scéimeanna grúpithíochta le teacht ón rialtas láir seachas ón rialtas áitiúil. Tá cuid mhaith den airgead sin nár caitheadh fós, mar shampla, in 2018 níor chaith údaráis áitiúla ach 52% den bhuiséad a bhí acu i gcomhair tithe don Lucht Siúil.



Fíor 6: Teaghlaigh ina bhfuil Éireannaigh den Lucht Siúil de réir cineál cóiríochta, 2006-2016.

Sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh.

Sa lá atá inniu ann, bíonn daoine den Lucht Siúil ina gcónaí i gcineálacha éagsúla cóiríochta, ar nós Láithreáin Stad oifigiúla, Láithreáin Stad neamhoifigiúla, Scéimeanna Grúpithíochta, tithe de chuid an údarais áitiúil, tithe príobháideacha ar cíos agus maoin phríobháideach dá gcuid féin. Cé go bhfuil 18.2 faoin gcéad den Lucht Siúil fós ina gcónaí i dtithe soghluaiste nó i gcarbháin, níl a bhformhór ar fánaíocht.

I measc na ngnéithe de chultúr an Lucht Siúil a d'fhéadfadh dul i gcion ar roghanna cóiríochta, má tá rogha ann, tá:

- Daoine muinteartha nó pobal lucht siúil a bheith sa cheantar
- An bhfuil ioncam le fáil ón teach
- Forálacha lena gcuirtear srian ar an bhfánaíocht agus roghanna taistil

Díreach mar a tharlaíonn i gcás daoine a bhfuil áit chónaithe bhuan acu, d'fhéadfadh daoine cónaí in áiteanna éagsúla, agus i gcineálacha éagsúla áiteanna, i rith an tsaoil. Mar sin féin, is minic a dhéantar leithcheal ar dhaoine den Lucht Siúil, agus is mó an seans go mbeidh cónaí orthu i gcóiríocht phlódaithe ar chaighdeán íseal, rud a théann i gcion ar a meabhairshláinte agus a sláinte choirp, ar an leibhéal oideachais a bhaineann siad amach, ar a gcuid deiseanna fostaíochta agus ar a guimsiú sa tsochaí.

Tá eagraíochtaí ar nós Ghluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann (ITM), Pavee Point agus cinn eile fós ag lorg réitigh ar ghéarchéim na cóiríochta agus ar dhúshláin eile a bhíonn le sárú ag an Lucht Siúil in Éirinn.

Foinsí:

Breathnach, A. (2006). *Becoming conspicuous: Irish Travellers, Society and the State, 1922-70*. Baile Átha Cliath: UCD Press.

Sonraí ó Dhaonáireamh 2016: <https://www.cso.ie/en/census/census2016reports/>

Watson, D., O. Kenny and F. McGinnity (2017). *A social portrait of Travellers in Ireland*. Baile Átha Cliath: ESRI. <https://itmtrav.ie/wp-content/uploads/2017/02/RS56.pdf>

Gmelch, S. (1991). *Nan: The life of an Irish Travelling woman*. Illinois: Waveland Press.

Gmelch, S. & Gmelch, G. (2014). *Irish Travellers: The unsettled life*. Bloomington: Indiana University Press.

Irish Traveller Movement – Accommodation: Key issues:

<https://itmtrav.ie/strategic-priorities/accommodation/accommodation-key-issues/>

Joyce, S. (2018). 'A Brief History of the Institutionalisation of Discrimination Against Irish Travellers': <https://www.iccl.ie/equality/whrdtakeover/>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2020). Traveller history and culture in the curriculum – A curriculum audit: <https://ncca.ie/media/4613/travellerhistory.pdf>

Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe (Iúil 2018 – Bealtaine 2019). Travellers' Journey/ Mincéir Misl'd (taispeántas): <https://www.museum.ie/en-IE/Museums/Country-Life/Exhibitions/Previous-Exhibitions/Travellers-Journey>

Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid (2019). Tuarascáil ó Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid – An Lucht Siúil i dTreo Éire Níos Cothroime Tar Éis Aitheantas a Fháil: https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/32/seanad_public_consultation_committee/reports/2020/2020-01-23_report-on-travellers-towards-a-more-equitable-ireland-post-recognition_en.pdf

UN Habitat. 'The right to adequate housing'. Bileog fíricí 21: https://www.ohchr.org/documents/publications/fs21_rev_1_housing_en.pdf



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoi mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 1:** Deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta, cibé cén áit a bhfuil sí
- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha
- **Sprioc 16:** Sochaithe inbhuanaithe, síochánta a chur chun cinn ina gcuirtear gach duine san áireamh, rochtain ar cheartas a bheith ag cách agus institiúidí atá éifeachtach, cuntasach, agus cuimsitheach a chothú ar gach leibhéal



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Slán abhaile

Is nós linn “Slán abhaile” a rá le duine atá ar an mbealach abhaile. Is minic a bhíonn na focail sin scríofa ar chomhartha lasmuigh de bhailte agus sráidbhailte na hÉireann.

Téigí ag obair ina mbeirteanna chun féachaint cé na bríonna eile a d'fhéadfaí a bhaint as na focail sin.

Níl aon tinteán mar do thinteán féin

Sa scéal *The Wizard of Oz*, clisceálann Dorothy a sala dearga le chéile trí huair agus deir sí ‘níl aon tinteán mar do thinteán féin’ nuair is mian léi slán a fhágáil ag Oz agus filleadh ar a teach féin in Kansas áit a bhfuil a fhios aici go dtabharfar grá agus aire di.

Aimsigh triúr ar féidir leo 3 chúis an duine a thabhairt go mbraitheann siad go bhfuil grá agus aire á dtabhairt dóibh sa bhaile.

Daoine muinteartha

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.1 agus 2.2

Is minic a bhíonn dlúthbhaint ag an Lucht Siúil lena dteaghlach sínte. Bíonn aintíní, uncailí, seantuismitheoirí, col ceathracha, neachtanna agus nianna san áireamh de ghnáth sa tuiscint atá acu ar an teaghlach. Tá sé sin le feiceáil san fhonn a bhíonn ar theaghlach de chuid an Lucht Siúil cónaí gar dá chéile, más féidir leo.

Déan liosta de na daoine i do theaghlach sínte féin agus tabhair faoi deara na ról éagsúla atá ag daoine muinteartha leat maidir le timpeallacht shábháilte a chothú ina n-éireoidh go geal leat.



Fánaithe

Roghnaigh ceann amháin de na grúpaí seo a leanas a bhfuil traidisiún fánaíochta acu:

- Na Beidiúnaigh (fásaigh an Mheánoirthir, Leithinis na hAraibe, an Éigipt, Iosrael, an Iaráic, an tSiria agus an Iordáin)
- Sámaigh nó Laplannaigh (an Iorua, an tSualainn, an Fhionlainn, agus an Rúis)
- Romaigh (an Eoraip agus Meiriceá)
- Bainseairigh (an Afganastáin agus an India)
- Tuargaigh (an Sahára)
- Másaigh (an Chéinia agus an Tansáin)
- Samo Bajo (an Indinéis, an Mhalaeisia, na hOileáin Philipíneacha)

Ullmhaigí doiciméad ranga leis na ceanteidil seo a leanas: baile, teaghlach, taisteal, samplaí de thraidisiún cultúrtha, teanga, reiligiún, dúshlán nó fadhbanna.

Déan taighde faoin ngrúpa atá leagtha amach duitse agus líon isteach an doiciméad comhroinnte le heolas agus íomhánna ábhartha faoi gach ceanteideal. Ná déan dearmad cloí leis an gcóipcheart: ní mór duit aitheantas a thabhairt d'fhoinse na n-íomhánna i do chuid oibre.

Meonta a athrú

Agus tú ag obair i d'aonair, scríobh síos sainmhíniú gairid ar an téarma 'fánaíocht'.

Téigh i bpáirt le duine amháin eile agus tagaigí ar shainmhíniú a bhfuil an bheirt agaibh sásta leis.

Téigí ag obair le chéile chun sainmhíniú a fháil ar rogha saoi eile seachas an fhánaíocht (ceann amháin nó níos mó).

Téigí i bpáirt le beirt eile chun na sainmhínithe (ar an bhfánaíocht agus bhur rogha eile) a insint dá chéile.

Pléigí steiréitíopaí dearfacha agus diúltacha (barúlacha ginearálta róshimplithe faoi dhaoine aonair nó faoi ghrúpaí) agus an dearcadh a bhíonn ag an tsochaí i leith daoine a bhfuil bealaí maireachtála agus traidisiúin chultúrtha éagsúla acu.

Tithíocht leormhaith?

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.8

Léigh an sliocht seo a leanas as fianaise a thug Minnie Connors, Grúpa Forbartha Lucht Siúil Loch Garman, le linn phróiseas Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid 2019 dar teideal 'An Lucht Siúil i dTreo Éire Níos Cothroime Tar Éis Aitheantas a Fháil'

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ

Fánaíocht: Bealach maireachtála atá bunaithe ar shlí bheatha ina mbítear ag gluaiseacht ó áit go háit, ó am go chéile ar a laghad. Tagann eacnamaíocht na fánaíochta as an eagar sóisialta agus, rud is tábhachtaí, as an bhféiniúlacht chultúrtha, agus téann sí i bhfeidhm orthu siúd freisin.

Slí mhaireachtála neamhaistreach:

Stíl mhaireachtála ina mbítear ag fanacht in aon áit amháin, rud as a dtagann cineálacha sonracha eagar eacnamaíoch agus shóisialta chomh maith le féiniúlacht chultúrtha shonrach.

Easpa dídine: is iad na daoine sofheicthe a bhfuil easpa dídine orthu iad siúd a chodlaíonn amuigh ar na sráideanna agus iad siúd atá i gcóiríocht éigeandála; i gcás daoine dofheicthe a bhfuil easpa dídine orthu, bíonn cónaí orthu i gcóiríocht nach féidir leo brath uirthi, le daoine muinteartha nó cairde.

Is bean den Lucht Siúil mé agus táim 40 bliain d'aois. Tógadh mé i leantóir le mo thuismitheoirí, cúigear deartháireacha agus seachtar deirfiúracha. Bhí mé sona sásta nuair a bhí mé óg, ag maireachtáil amuigh faoin spéir leis na capaill, na madraí, na sicíní agus na gabhair a bhí againn, agus gach duine de mo mhuintir thart timpeall orm. Ar na saolta sin bhíomar gan uisce, gan leictreachas agus gan leithris. Tá mo mhuintir ina gcónaí anois ar an láithreán céanna ar ar tógadh mise, i gceithre leantóir, gan uisce, leictreachas ná leithris. Níl aon rud athraithe le glúin anuas.

Nuair a bhí triúr páistí agamsa bhí mé i mo chónaí go sona sásta i gcarbhán ar láithreán an teaghlaigh nuair a dúirt oifigigh ón gcomhairle contae liom go mbainfidís an carbhán dínn mura n-imeoimis, agus go mbeadh orm dul chuig tearmann ban leis na páistí, agus go mbeadh ar Jim, m'fhear céile, dul isteach i mbrú fir.

Bíonn sé beagnach dodhéanta tiarna talún a fháil atá sásta áit a ligean ar cíós le teaghlach den Lucht Siúil. Thug an chomhairle rogha eile dúinn: dul isteach i dteach comhairle, i scéim grúpthithíochta ina raibh deich dteach a tógadh do theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil. Tá teaghlaigh an Lucht Siúil imithe as an scéim tithíochta sin anois, agus teaghlaigh nach den Lucht Siúil iad tagtha ina n-áit. Tá mise agus mo theaghlach fós ansin, deighilte ónár bpobal féin."

Ina ngrúpaí beaga, pléigí an méid seo a leanas:

- An raibh fáil ag Minnie agus a teaghlach ar thithíocht nó ar chóiríocht leormhaith, mar a shainmhínigh Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha iad (féach an t-eolas sa chuid 'Fócas' ar leathanach 32).
- An éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag tithíocht nó cóiríocht nach bhfuil leormhaith ar thimpeallacht bhaile atá slán sábháilte, folláin agus ar stíl mhaireachtála shláintiúil.

Gopas

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5 agus 3.6

Seachas an 'póca coiríní' (nó gopas) a bhíonn ag an Lucht Siúil, is beag gné eile dá gcultúr ábhartha a bhaineann le cultúr agus féiniúlacht na mban ina measc. Is éard atá i bpóca coiríní mála cearnógach nó mála ar chruth crú capaill a chaitear os cionn na n-éadaí nó fúthu. San am atá caite d'úsáidí é chun rudaí a choinneáil a bhí ag teastáil i gcomhair an tsaoil ar an mbóthar, rudaí cosúil le cíor, teastais bhreithe na bpáistí, airgead, bonn naofa, scian, snáthaid agus snáth (a coinníodh sna huamanna). Bhíodh na pócaí maisithe le coiríní agus cnaipí agus le greamanna bróidnéireachta éagsúla, gach ceann acu lena bhrí féin. Is minic gur snáth dearg, buí agus gorm a úsáidí. Bhíodh na pócaí mar a bheadh mála cuimhní ann sa mhéid is gur mhalartaigh na mná cnaipí agus coiríní ina measc féin, ag tabhairt féiríní cuimhneacháin nó cuimhní cinn dá chéile agus iad ag bogadh ar aghaidh chuig áiteanna éagsúla.

Féach ar Pavee Point (2019), 'Beady Pocket' (6.14 nóiméad) (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile). Dear agus déan póca coiríní de do chuid féin, agus bíodh rud amháin ar a laghad ann ar baineadh úsáid as cheana (éadach, cnaipí, coiríní, snáth) ó do theach féin, agus rud eile ó theach cara nó cairde leat.

Cena/Kayna

Is é an focal ar 'baile' i dteanga an Lucht Siúil (ar a dtugtar Cant nó De Gammon nó Seiltis) ná 'cena' nó 'kayna'.

Faigh marcóirí nó criáin agus píosa páipéir A4.

Cas an leathanach ar a thaobh (treoshuíomh tírdhreacha).

Scríobh an focal 'baile', i do rogha teanga, i lár an leathanaigh.

Úsáid go leor línte nó brainsí daite ag teacht amach ón bhfocal sa lár chun nasc a dhéanamh le focail nó frásaí eile a ritheann leat agus tú ag smaoineamh ar cad is brí le 'baile'.

Má tá an fonn sin ort, b'fhéidir gur mhaith leat do mhapa intinne a phlé le scoláirí eile sa rang.



Naisc úsáideacha

Fánaithe

- Gníomhaíocht curtha in oiriúint ó Tom Larkin & Margaret Quinn (eagarthóirí), *The Pavee Pack*: lámhleabhar do mhúinteoirí le húsáid sa rang OSSP: <https://www.paveepoint.ie/wp-content/uploads/2010/08/Pavee-Pack.pdf>

Gopas

- Pavee Point (2019), 'Beady Pocket': <https://vimeo.com/306167159>
- Gheobhaidh tú tuilleadh eolais agus pictiúir de phócaí coirníní anseo: [https://www.museum.ie/en-IE/Collections-Research/Folklife-Collections/Folklife-Collections-List-\(1\)/Traveller-Culture/Beady-pockets](https://www.museum.ie/en-IE/Collections-Research/Folklife-Collections/Folklife-Collections-List-(1)/Traveller-Culture/Beady-pockets)
Carson Williams, F., 'Beady Pockets: Symbolism and Practicality in Irish Traveller Culture', in Míchéal Ó hAodha (eagarthóir), *Travellers and Show people: Recovering migrant history*. Newcastle-on-Tyne: Cambridge Scholars Publishing: <https://www.cambridgescholars.com/download/sample/61324>



Póca Coirníní a rinne Bridget Mongan, Co. Ros Comáin

SNÁITHE A DÓ: SAOL TEAGHLAIGH FREAGRACH

GNÉ: INNIÚLACHT TOMHALTÓIRÍ



Toradh foghlama mar thús aistir = TF 2.12

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: **‘scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tomhaltóirí in Éirinn cosanta ag reachtaíocht, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla’**




FÓCAS: Srianta Taistil agus Cosaint

Is éard atá sna coróinvíris (CoV) ná grúpa mór víreas a dhéanann daoine tinn. D’fhéadfaidís a bheith ina gcúis le slaghdán nó galar níos measa, cosúil le Siondróm Riospráide an Mheánoirthir (MERS-CoV) agus Géarshiondróm Trom Riospráide (SARS-CoV). Is galair zónóiseacha iad na coróinvíris, rud a chiallaíonn gur féidir leo scaipeadh ó ainmhithe go daoine. Is cineál nua é an galar coróinvíris (COVID-19) a tháinig chun solais den chéad uair in Wuhan na Síne ar an 31 Nollaig 2019. Bhí na chéad chásanna COVID-19 bainteach le margadh ina mbíodh ainmhithe beo agus marbh á ndíol is á gceannach. Ansin scaip an galar ó dhaoine tinne chuig daoine muinteartha leo agus oibrithe cúram sláinte.

Ba ar an 28 Feabhra 2020 a taifeadadh an chéad chás ar oileán na hÉireann. Ar an 11 Márta fuair an chéad duine in Éirinn bás le COVID-19, an lá céanna a dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur paindéim é an víreas. Sa tréimhse sin, thosaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála in Éirinn ag eisiúint comhairle taistil a bhain le COVID-19. Moladh gan tabhairt faoi aon aistear neamhriachtanach chun na Síne; cuireadh foláireamh taistil i bhfeidhm maidir leis an Iodáil, a bhí ar an tír Eorpach ina raibh an líon ba mhó cásanna dearbhairthe agus básanna ó COVID-19 an tráth sin; agus, ar deireadh, moladh gan tabhairt faoi aon aistear neamhriachtanach lasmuigh d’Éirinn. Má bhí fonn ar shaoránaigh Éireannacha i dtíortha eile a bhí buailte ag an víreas filleadh abhaile, dúradh leo teacht abhaile chomh luath is a d’fhéadfaidís é.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ

Smaoinigh an bhféadfadh na saincheisteanna sa rannán seo dul i gcion ar scoláirí sa rang agus déan an t-ábhar agus na gníomhaíochtaí a oiriúnú dá réir.



COVID-19: Coronavirus Travel Advice

Comhairle Taistil Ghinearálta atá i bhFeidhm maidir le Covid-19

Déanaimid gach iarracht an chomhairle taistil is déanaí a thabhairt duit i nGaeilge, ach mar gheall ar chomh tapa is a thagann athrú ar chúrsaí, go háirithe i gcás géarchéime, ní féidir linn a ghealladh go mbéidh an chomhairle taistil seo i nGaeilge go hiomlán cothrom le dáta. Chun a chinntiú go bhfaighidh tú an chomhairle is déanaí, go háirithe ó thaobh slándála, seiceáil an leagan Béarla freisin, nó déan teagmháil dhíreach linn...

[Read More](#)

Fíor 7: Comhairle taistil a bhaineann le COVID-19 ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála



Léirigh na srianta COVID-19 sin chomh tromchúiseach is a bhíonn dúshlán sláinte domhanda agus leag siad béim ar an ról a bhíonn ag comhlacht reachtúil (roinn rialtais) maidir le taisteal, go háirithe nuair a bhíonn géarchéim ar bun. Tá cód dathanna ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála lena chur in iúl do thaistealaithe cé chomh sábháilte atá cinn scríbe éagsúla ag am ar bith, ach ar ndóigh d'fhéadfadh an chomhairle sin athrú ag brath ar conas atá cúrsaí faoi láthair. Tá an cód sin bunaithe ar eolas ó Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann ar fud an domhain, agus ar eolas ó thíortha comhpháirtíochta san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain.

Ceithre leibhéal rátálacha slándála atá ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus dathanna difriúla orthu.

1. Seasann **barra glas** le haghaidh “Gnáth-réamhchúraimí”. Más an rátáil seo atá ag tír, tá sí ar aon dul le hÉirinn sa mhéid is go bhfuil riail an dlí i bhfeidhm inti agus go bhfuil na seirbhísí poiblí ag feidhmiú.
2. Seasann **barra buí** le haghaidh “Ní mór bheith cúramach”. Tá rioscaí breise i gceist sna tíortha atá sa chatagóir seo, cosúil le coireacht thromchúiseach agus/nó sceimhlitheoireacht, coireanna i gcoinne eachtrannach, galair, nó babhtáí fíor-dhrochaimsire.
3. Seasann **barra oráiste** le haghaidh “Seachain aistear neamhriachtanach”. Moltar do dhaoine gan dul chuig tíortha a bhfuil an stádas seo acu, mar gur dócha go mbeidh contúirt shoiléir, láithreach ann ó thaobh sláinte nó sábháilteachta mar gheall ar an mbaoil mór go dtarlódh coir, corraíl pholaitiúil, tubaiste nádúrtha, sceimhlitheoireacht nó coinbhleacht armtha, agus/nó géarchéim sláinte poiblí. Seo an dara rabhadh is déine, agus is beag Éireannach a thabharfadh cuairt ar thíortha a bhfuil an rátáil seo acu.
4. Seasann **barra dearg** le haghaidh “Ná téigh chuig an tír seo”. Seo é an leibhéal is airde rabhaidh. Mar gheall ar choimhlint armtha, tubaiste nádúrtha, galar, corraíl shibhialta, nó rudaí eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis bháis, moltar do dhaoine aon phleananna atá acu taisteal chuig tíortha a bhfuil barra dearg luaite leo a chur ar ceal. Is beag Éireannach a thugann cuairt ar na tíortha sin, agus bíonn deacrachtaí móra ag na daoine a théann chucu.

Molann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i gcónaí do dhuine ar bith atá ag taisteal níos faide ná an Comhlímistéar Taistil (Éire/an Bhreatain Mhór) a gcuid sonraí teagmhála a chlárú trí áis chlárúcháin ar líne na Roinne. Ansin beidh do chuid sonraí taistil ag an Roinn, ionas go mbeidh sí in ann teagmháil a dhéanamh leat agus cúnamh a thabhairt duit más gá, mar shampla, sa chás inar tharla tubaiste nádúrtha nó corraíl shibhialta ag do cheann scríbe, nó inar tharla éigeandáil teaghlaigh sa bhaile agus tú thar lear. Más saoránach Éireannach thú, tá tú i dteideal tacaíocht taidhleoireachta a fháil ó Ambasáidí nó Consalachtaí na hÉireann thar lear. Is dá ndeoin féin a chláraíonn daoine, agus moltar é do dhaoine atá ag dul ar saoire, do thaistealaithe gnó agus d'Éireannaigh a bhfuil cónaí orthu thar lear. Má tá cónaí ort i dtír eile agus má tá do chuid sonraí ag an Ambasáid nó ag an gConsalacht Éireannach is gaire don tír sin, beidh sí in ann tú a chur san áireamh sa phlean teagmhais atá aici más rud é go dtarlaíonn géarchéim nó cás éigeandála.

Molann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála go láidir do dhaoine atá ag taisteal thar lear árachas taistil cuimsitheach a cheannach, a chlúdaíonn costais leighis thar lear, aisdúichiú nó aslonnú ar chúinsí míochaine, corp a thabhairt abhaile agus costais dlí. Molann an Roinn do thaistealaithe a bpolasaí árachais taistil a sheiceáil go cúramach agus a chinntiú go gclúdaíonn sé iad le haghaidh gach gníomhaíochta atá pleanáilte acu agus iad thar lear.

Má théann rud éigin mícheart agus tú ag taisteal, is féidir leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála cabhrú leat trí Chonsalachtaí nó Ambasáidí nó tríd an Aonad Cúnaimh Consalachta in Éirinn. Cuireann siad réimse leathan comhairle ar dhaoine gnó, orthu siúd atá ag dul ar shaoire an mhála droma nó ar laethanta saoire eachtraíochta, agus ar dhaoine a ndearnadh coir orthu agus iad thar lear, agus cuirfidh siad comhairle ort má ligtear amú do phas nó má ghoidtear é, nó mura féidir leat teagmháil a dhéanamh le duine atá thar lear agus buairt ort go bhfuil an té sin ar iarraidh.

Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar líon na nÉireannach a dteastaíonn cúnaimh consalachta uathu agus iad ag taisteal, mar is léir i bhFíor 8 thíos.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ

Mar straitéis difreála, d'fhéadfá a iarraidh ar na scoláirí féachaint ar shuíomh gréasáin na Roinne Gnóthaí Eachtracha (rannán na staitisticí taistil) chun sonraí ó 2018 a lorg. Chomh maith leis sin, má tá aon cheist ag na scoláirí faoi na sonraí sin, d'fhéadfá moladh dóibh Foirm Theagmhála Phreasoifig na Roinne a líonadh isteach, atá ar fáil faoi 'déan teagmháil linn' ar an suíomh Gréasáin (féach rannán na Nasc).

	2015	2016	2017	2018
Gabháil	227	402	316	371
Fuadach Leanaí	30	40	36	15
Leas Leanaí	2	56	55	46
Bás	272	250	320	292
Díbirt	68	85	90	74
Cúrsaí Leighis	166	311	343	335
Meabhairshláinte	43	76	93	77
Duine ar Iarraidh	3	149	96	103
Eile	502	897	749	620
Príosúnach	59	58	68	50
Daoine a ndearnadh Coir orthu	6	168	151	143
Leas	228	248	280	217
Iomlán	1606	2740	2597	2343

Fíor 8: Babhtaí cúnaimh a thug an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála do shaoránaigh Éireannacha thar lear, 2015-2018

Foinse:

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála – Rannán Taistil:
<https://www.dfa.ie/travel/>



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 3:** Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois
- **Sprioc 9:** Bonneagar a bhfuil teacht aniar ann a thógáil, tionsclaíocht chuimsitheach, inbhuanaithe a chur chun cinn agus an nuálaíocht a chothú
- **Sprioc 11:** A chinntiú go mbeidh cathracha agus lonnaíochtaí daoine cuimsitheach agus sábháilte, go mbeidh teacht aniar iontu agus go mbeidh siad inbhuanaithe
- **Sprioc 16:** Sochaithe inbhuanaithe, síochánta a chur chun cinn ina gcuirtear gach duine san áireamh, rochtain ar cheartas a bheith ag cách agus institiúidí atá éifeachtach, cuntasach, agus cuimsitheach a chothú ar gach leibhéal
- **Sprioc 17:** Neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Cuspóir a Bhaint Amach

Baineann an deilbhín (thíos) le ceann de na cuspóirí a ghabhann leis na Spriocanna Domhanda.

Aimsigh uimhir an chuspóra agus an téacs a ghabhann leis an gcuspoir sin (féach na naisc ar leathanach 44). Ansin déan an téacs a shimpliú ionas gur fearr a thuigfidh páistí agus daoine óga é.



NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ

Is é seo an deilbhín i gcomhair Sprioc Domhanda 3 (Dea-shláinte agus folláine), cuspóir 3D. Córais luathrabhaidh a fheabhsú maidir le rioscaí sláinte domhanda: Cur leis an gcumas atá ag gach tír, go háirithe tíortha i mbéal forbartha, maidir le luathrabhadh, laghdú riosca agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí sláinte náisiúnta agus domhanda.

Comhairle taistil

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.5

Téigh chuig an gComhairle Taistil ar shuíomh gréasáin na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus scrollaigh síos go dtí an rannán ina bhfuil Comhairle Taistil de réir Tíre (féach na naisc ar leathanach 44).

Cuardaigh tír amháin ar a laghad sna réigiúin seo a leanas: an Eoraip, an Meánoirthear, an Áise agus an Aigéine, an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh, Meiriceá Thuaidh agus Meiriceá Láir, Meiriceá Theas, an Afraic fho-Shahárach, agus Tíortha Mhuir Chairib.

Roghnaigh an tír ag a bhfuil an leibhéal is airde rabhaidh. Ullmhaigh bileog eolais (leathanach amháin) ar a mbeidh cuntas gearr ar an gcaoi a bhfuil cúrsaí sa tír sin, agus na príomhphointí comhairle do dhaoine a bhfuil sé beartaithe acu dul chun na tíre sin.

Travelwise

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.

Íoslódáil Travelwise, aip na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile).

Téigi ag obair le chéile mar rang chun socrú céard iad na critéir ratha a bheidh agaibh maidir le fiúntas na haipse sin a mheas. Samplaí díobh siúd is ea é a bheith furasta an aip a úsáid, gur féidir brath uirthi, scóip an eolais a chuirtear ar fáil; an chuma atá uirthi.

Seol ríomhphost chuig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le toradh foriomlán na meastóireachta (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile).

Ag teacht abhaile

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.11

Scrúdaigh tuairiscí nuachta faoin gcomhairle agus an cúnamh a bhí ar fáil ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála do shaoránaigh Éireannacha thar lear le linn na géarchéime COVID-19.

Leid: cuardaigh ar líne agus eochairfhocail cosúil leo seo a leanas á n-úsáid agat: COVID-19, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, thar lear, saoránach, taisteal, teacht abhaile, mic léinn Erasmus, turasóirí etc.

Bain leas as do chuid taighde lena chinneadh ar thug an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála cosaint éifeachtach do shaoránaigh Éireannacha thar lear le linn na paindéime.

Éire Dhomhanda

I mí an Mheithimh 2018, sheol rialtas na hÉireann ‘Éire Dhomhanda: Lorg Dhomhanda na hÉireann go dtí 2025’, plean chun áit na hÉireann ar domhan a athnuachan agus a leathnú. Mar chuid den phlean sin, tá sé beartaithe ar a laghad 26 misean consalachta nua (Ambasáid nó Consalacht) a bhunú ar fud an domhain.

Breathnaigh ar an bhfiseán ‘Global Ireland: Ireland’s Global Footprint’ (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile).

Pléigh cé chomh hábhartha atá an plean ‘Éire Dhomhanda’ i bhfianaise na ráige COVID-19.

Inis don mhúinteoir Tíreolaíochta an méid atá foghlamtha agat faoi ‘Éire Dhomhanda’ san Eacnamaíocht Bhaile.

Leid: téigh i bhfeidhm ar an múinteoir Tíreolaíochta trí insint dó nó di go mbaineann an rud atá á rá agat le Snáithe a Trí: Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú (go háirithe toradh foghlama 3.8)

Ceisteanna Coitianta

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.11

Breathnaigh ar an suíomh gréasáin atá ag eagraíocht neamhrechtúil amháin nó níos mó, mar shampla:

- Aerlínte
- Tionscnóirí turas
- Cuideachtaí árachais

Agus eagraíocht reachtúil amháin nó níos mó, mar shampla:

- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC)
- Ionad Tomhaltóirí na hEorpa, Éire

Cuardaigh eolas faoi chearta tomhaltóirí maidir le haisíocaíochtaí ar chaiteachas taistil i gcomhthéacs na ndúshlán sláinte poiblí, ar nós COVID-19.

Cuir le chéile liosta de na Ceisteanna Coitianta a chuireann tomhaltóirí go minic (agus na freagraí) agus iad sa tóir ar eolas faoi aisíocaíochtaí.



Níochán lámh

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.5, 2.4, 2.5, 2.7 agus 2.11

Tarraing imlíne do láimhe i do chóipleabhar. Ar gach méar, scríobh síos píosa eolais tábhachtach amháin faoi shláinteachas láimhe maidir le bia a láimhseáil, a ullmhú, a stóráil agus a chur chun boird.

Agus sibh ina ngrúpaí beaga, pléigí cé na rudaí díobh seo atá tábhachtach freisin i gcomhthéacs géarchéim sláinte poiblí, ar nós COVID-19.


Leid: Nár dheas an rud é triail a bhaint as táirgí glantacháin inbhuanaithe a dhéanamh agus a úsáid, agus iad a chur i gcomparáid le táirgí glantacháin ón siopa?

Scaoill nó ullmhacht?

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 2.11

Cuardaigh pictiúir de na hearraí ar cheannaigh tomhaltóirí a lán lán díobh le linn na ráige COVID-19. Cuirigí le chéile colláis ranga de na pictiúir sin.

Pléigí an raibh a gcearta nó a bhfreagrachtaí á bhfeidhmiú ag tomhaltóirí a cheannaigh an oiread de na hearraí sin. Ag eascairt as an bplé, roghnaigí teideal don cholláis. Ná déanaigí dearmad cloí leis an gcóipcheart: ní mór aitheantas a thabhairt d'fhoinsí na n-íomhánna a úsáidfídh sibh.



Naisc úsáideacha

Cuspóir a Bhaint Amach

- 17 Sprioc Dhomhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na cuspóirí a ghabhann leo:
www.globalgoals.org

Comhairle taistil

- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála – Comhairle taistil de réir tíre:
<https://www.dfa.ie/travel/travel-advice/>

Travelwise

- Íoslódáil aip Travelwise na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála:
<https://www.dfa.ie/travelwise/>
- Déan teagmháil leis an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála:
<https://www.dfa.ie/about-us/contact-us/>

Éire Dhomhanda

- Rialtas na hÉireann (2018), físeán 'Global Ireland: Ireland's Global Footprint' (5.08 nóiméad): <http://www.ireland.ie>

To rule is easy, to govern difficult.

**Johann Wolfgang von Goethe
(1749-1832), scríbhneoir agus
státaire Gearmánach**

SNÁITHE A TRÍ: TEICSTÍLÍ AGUS CEARDAÍOCHT

GNÉ: CUMHACHTÚ AN DUINE AONAIR AGUS AN TEAGHLAIGH



Toradh foghlama mar thús aistir = TF 3.2

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: **‘próiseas agus prionsabail na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle chruthaitheach a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach’**



FÓCAS:

Teicstílí Coimhlinte - *arpilleras*

Ag amanna difriúla agus ar bhealaí difriúla timpeall an domhain, úsáideadh fuáil chun labhairt ar son na ndaoine ar cuireadh ina dtost iad trí choimhlint pholaitiúil agus shóisialta agus trí leatrom. D’úsáideadh mná teicstílí ionas go bhfaighidís éisteacht, go háirithe iad siúd a bhí bocht nó nach raibh mórán oideachais orthu.

Tháinig deachtóireacht mhíleata i réim sa tSile nuair a cuireadh an tUachtarán Salvador Allende agus a rialtas daonlathach as cumhacht in 1973. Ba mar sin a cuireadh tús le 17 mbliana deachtóireachta agus cinsireachta agus le cuirfiúnna, agus a cuireadh deireadh leis an tsaoirse shibhialta. Bhí an tSile ina tost agus í faoi cheannas an Ghinearáil August Pinochet. Cuireadh ar fionraí an bunreacht, cuireadh cosc ar pháirtithe de chuid na heite clé agus bhí na meáin faoi smacht an rialtais mhíleata. Gabhadh aon duine a rinne iarracht labhairt amach i gcoinne an rialtais agus cuireadh sa phríosún é. Deirtear gur maraíodh 1,500 duine i rith na gcéad trí seachtaine den réimeas nua. De réir Amnesty International, gabhadh nó céasadh 40,000 duine go neamhdhleathach nuair a bhí Pinochet i gceannas. Chomh maith leis sin, maraíodh 3,000 duine nó d’imigh siad gan tásca gan tuairisc agus d’éalaigh 30,000 teifeach ón tír.

Na mná ar fuadaíodh nó ar maraíodh a bhfear céile, b’éigean dóibh aire a thabhairt don teaghlach gan aon chúnamh. Bhunaigh an Eaglais Chaitliceach an Vicaría de la Solidaridad in 1974 mar thacaíocht do na mná sin. Mar chuid den chlár cabhair, bhunaigh siad ceardlann lámhcheardaíochta trína mbeadh mná in ann táirgí a dhéanamh ionas go ndíolfadh an Eaglais iad. Bhí géarghá ag na mná leis an airgead sin.



Libertad a los presos politicos (Saoirse do na príosúnaigh pholaitiúla)



Rinne na mná *arpilleras* ('ar-pí-aer-ahs' a deirtear) agus iad faoi thionchar na bpictiúr appliqué a dhéantaí in Isla Negra, atá ar chósta na Sile, agus faoi thionchar shaothar Violeta Parra freisin. B'ealaíontóir ón tSile ise a bhíodh ag fuáil ar bhurlap (éadach garbh siúit). Úsáideadh *arpilleras* (an focal Spáinnis ar 'heiseán') nó málaí plúir mar bhunús na bpíosáí fuála ba thúisce a rinneadh. Na daoine a rinne na *arpilleras*, d'fhuaigh siad pictiúir dá saol féin agus uaireanta chuir siad bábóga beaga trí-thoiseacha orthu chun beocht a chur leo. D'úsáid siad cibé ábhair a bhí acu sa bhaile – cosúil le píosáí beaga fabraic, snáth, olann agus snáthaidí. Léirigh na *arpilleras* an teannas idir na dathanna geala a bhí ar an bhfabraic agus an eagla agus an crá croí a cuireadh in iúl leo. Cruth dronuilleogach a bhíodh ar na *arpilleras* agus iad idir 9" x 12" agus 12" x 18". De láimh a fuadh iad, le greamanna simplí, cosúil leis an bhfuáil blaincíd a úsáidtí go minic le haghaidh an imill. Uaireanta d'fhuaigh na mná póca beag ar cúl an *arpillera*. Istigh ann, bhíodh píosáí páipéir a raibh brí an *arpillera* scríofa air. Bhíodh ainm na mná a d'fhuaigh é scríofa air uaireanta ach is iomaí bean nár scríobh a hainm ar fhaitíos go mbeadh na póilíní in ann í a aithint.



¿Dónde están? /Cá bhfuil siad? Anon. An tSile, tús na 1980í, Grianghraf a thóg Martin Melaugh (gach íomhá © Roberta Bacio)

Léirigh na *arpilleras* tír ina raibh géarchéim, ina raibh ganntanas uisce agus bia, bochtaineacht, dífhostaíocht agus teaghlaigh dheighilte. Bhí scéal le hinsint acu faoin gcuardach i gcomhair páistí ar fuadaíodh iad, páistí na mban féin, agus faoin gcaoi ar mhothaigh siad nuair nár tháinig na páistí sin abhaile.

Thosaigh an Eaglais ag smuigleáil na *arpilleras* amach as an tSile agus tháinig siad chun cinn mar ghníomh polaitiúil rúnda i gcoinne réimeas Pinochet. Níor thug an réimeas sin aird ar bith ar na *arpilleras* ar dtús. Dúradh nach raibh iontu ach obair nach raibh tábhacht ar bith léi, obair a rinne mná. De réir a chéile, cuireadh spéis sna *arpilleras* thar lear. Cuireadh ar taispeántaíocht i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Chuir Amnesty International iad ar chártaí agus ar fhéilirí. Cháin Pinochet na *arpilleras*, agus é ag rá gur 'táipéisí an mhíchílú' iad. Rinneadh géarleanúint ar na mná a rinne iad agus péinteáladh cros dhearg ar dhoras roinnt acu mar chomhartha gur dhéantóirí *arpilleras* iad. Chuir na mná a saothar i bhfolach agus chuir siad oiliúint ar dhaoine eile. Sa deireadh bhí 40 grúpa sa tír ag déanamh *arpilleras*. Nuair a cuireadh Pinochet as cumhacht in 1993, d'athraigh déanamh na *arpilleras* ina fhoinsé ioncaim do na mná a rinne iad, díreach mar a bhí beartaithe ar dtús. Lean lucht a ndéanta orthu á bhfuáil chun cáineadh a dhéanamh orthu siúd a mharaigh daoine muinteartha leo agus chun taifead a dhéanamh ar thochailt na n-olluaigheanna. Is bealach iad lena chinntiú nach ndéanfar dearmad choíche ar aimsir na dtrioblóidí.

Tá mná i dtíortha eile tosaithe ag déanamh *arpilleras* chun a gcuid scéalta féin a insint faoi choimhlint agus faoi thráma pobail. Sa bhailiúchán Conflict Textiles atá ag Ollscoil Uladh, tá *arpilleras* ón Airgintín, ón mBrasaíl, ó Cheanada, ón gColóim, ó Eacuadór, ón nGearmáin, ó Thuaisceart Éireann, ó Pheiriú, ón Spáinn, ón tSiombáib agus ón tSile.

Foinse: Curtha in oiriúint ó Hunter, C. (2019), *Threads of Life: A History of the World Through the Eye of a Needle*. Spectre.



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoi mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 1:** Deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta, cibé cén áit a bhfuil sí
- **Sprioc 4:** A chinntiú go mbeidh oideachas ardchaighdeán, atá cuimsitheach agus cothrom, ar fáil agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do chách a chur chun cinn
- **Sprioc 5:** Comhionannas inscne a bhaint amach agus cumhacht a thabhairt do gach bean agus gach cailín
- **Sprioc 8:** Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás geilleagrach atá seasta, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar lánfhostaíocht tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách
- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha
- **Sprioc 11:** A chinntiú go mbeidh cathracha agus lonnaíochtaí daoine cuimsitheach agus sábháilte, go mbeidh teacht aniar iontu agus go mbeidh siad inbhuanaithe
- **Sprioc 16:** Sochaithe inbhuanaithe, síochánta a chur chun cinn ina gcuirtear gach duine san áireamh, rochtain ar cheartas a bheith ag cách agus institiúidí atá éifeachtach, cuntasach, agus cuimsitheach a chothú ar gach leibhéal
- **Sprioc 17:** Neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Treoir dhearaidh

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.8, 2.2, 2.4, 3.1, 3.3, 3.4, 3.6, 3.8 agus 3.9

Agus an t-eolas faoi ghluaiseacht na *arpilleras* sa tSile á úsáid agat mar phointe tosaigh, déan do *arpillera* féin, atá dírithe ar choimhlint imní nó leasa atá ag tarlú anois.

Céim 1: sainigh an tasc

Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

- Ciallaíonn an focal *arpillera*...
- Déantar *arpillera* as...
- Is iad na daoine a dhéanann *arpilleras*...
- Is iad na daoine a ndéantar *arpilleras* dóibh...
- Is é an fáth a ndéantar *arpilleras*...



Smaoinigh ar choimhlint atá ag tarlú anois a bhfuil spéis agat inti nó a bhfuil tú buartha fúithi. D'fhéadfadh sé gur coimhlint i do phobal áitiúil atá i gceist, nó coimhlint ar leibhéal náisiúnta nó sa chomhthéacs idirnáisiúnta. Ansin críochnaigh na habairtí seo a leanas:

- Beidh mo *arpillera*... mar gheall ar...
- Is iad na hábhair atá ag teastáil uaim ná...
- Agus mé ag pleanáil agus ag déanamh mo *arpillera*, táim chun féachaint chuige go ndéanfar a laghad dochair don chomhshaol agus is féidir trí...
- Is féidir liom cabhair a iarraidh ar...
- Is é an t-achar ama atá agam don tasc seo...
- Beidh a fhios agam go mbeidh an *arpillera* críochnaithe agam nuair a...

Céim 2: imscrúdú agus taighde

Brabhsáil an t-eolas agus féach ar na físeáin faoi arpilleras ar an leathanach 'Conflict Textiles' atá ag Ollscoil Uladh (féach na naisc ar leathanach 50). Coinnigh nótaí agus seat scáileáin de ghrianghraif de *arpilleras* chun spreagadh a thabhairt duit.

Déan taighde faoin gcoimhlint atá roghnaithe agat, agus scrúdaigh na rudaí seo a leanas:


- Cé na daoine atá páirteach inti?
- Cá bhfuil sí ag tarlú?
- Céard is cúis léi?
- Cén tionchar a bhíonn ag an gcoimhlint sin ar an tsochaí (daoine – an cumas chun saol sláintiúil a chaitheamh, ról agus freagrachtaí teaghlaigh, sábháilteacht na timpeallachta baile, mar shampla), an geilleagar (poist, tionscal etc.) agus/nó an tionchar ar an gcomhshaol?
- An fáth a bhfuil spéis ar leith agam sa choimhlint seo nó a bhfuilim buartha fúithi
- Cé acu de na 17 Sprioc Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe a chabhróidh leis an gcoimhlint sin a réiteach?
- Cé na daoine/eagraíochtaí a bhfuil sé de chumhacht acu na Spriocanna Domhanda sin a chur chun cinn agus cuidiú leis an gcoimhlint sin a réiteach?

Céim 3: teacht ar smaointe

Déan meabhairmhapa chun teacht ar smaointe faoi arpilleras, mar shampla, na téamaí agus na mothúcháin a bhaineann leis an gcoimhlint atá roghnaithe agat, na dathanna nó na hábhair a úsáidfídh tú chun iadsan a léiriú etc.

Cóipeáil an chairt seo thíos isteach i do chóipleabhar.

Úsáid an chairt chun pleanáil cé na céimeanna a chaithfidh tú a leanúint chun do arpillera a tháirgeadh agus an t-ord inar cheart na céimeanna a dhéanamh.



Céim 4: teacht ar réitigh fhéideartha

Bunaithe ar do chuid taighde, déan sceitsí agus nótaí le haghaidh dhá cheann de na smaointe atá agat faoi *arpilleras*. Bain triail as dathanna, línte agus cruthanna éagsúla agus as uigeacht agus leagan amach chun féachaint conas is fearr a d'fhéadfaí iad a úsáid chun do chuid smaointe a léiriú. Mar shampla, céard iad na dathanna a chuireann mórtas nó gortú in iúl? Cén sórt éadaigh (fabraic) a úsáidfídh tú? Cad iad na greamanna a úsáidfídh tú (trí chineál éagsúla ar a laghad) agus cén áit? An úsáidfídh tú snáth nó ólann, nó an dá rud? An bhfuil tú chun é a mhaisiú, mar shampla, le fíoracha tríthoiseacha agus/nó le téacs?

Céim 5: smaointe a chur i láthair daoine eile le haghaidh aiseolais

Sa rang, roinn na sceitsí/nótaí atá déanta agat maidir le do dhá rogha *arpillera*. Luaigh cé na smaointe is fearr, dar leat féin. Iarr ar na scoláirí eile aiseolas a thabhairt duit: 3 réalta (trí rud atá déanta go maith agat) agus mian amháin (smaoineamh amháin maidir le conas do chuid oibre a fheabhsú).

Céim 6: an dearadh a bheachtú

Úsáid an t-aiseolas a fuair tú chun cabhrú leat do dhearadh deiridh a roghnú. Scríobh síos an dá phríomhchúis atá le do rogha dheiridh. Coinnigh an píosa páipéir sin mar cabhróidh sé leat le do thasc machnaimh le linn an phróisis seo.

Gearr amach ábhair éagsúla i cibé cruth atá uait agus leag an snáth nó an ólann in aice leo féachaint an oireann siad dá chéile. Déan aon athruithe deiridh is gá.

Céim 7: táirgeadh

Téigh ag fuáil. Nuair a bheidh tú críochnaithe, cuir do lipéad cúraim teicstíle ar an earra.

Céim 8: meastóireacht

Breac síos meastóireacht ghearr, nó déan ceann a thaifead. Bíodh na rudaí seo a leanas luaite agat:

- Cad a cheapann tú den *arpillera* atá déanta agat (cad is maith leat? cad a d'fhéadfadh a bheith níos fearr?)
- Céard ar éirigh go maith leis, agus cé na dúshláin a bhí romhat agus tú á dhéanamh
- Conclúidí i.e. dá mbeinn chun é a dhearadh arís, agus/nó *arpillera* eile a dhéanamh, cad a dhéanfainn ar bhealach difriúil?

Smaoinigh ar...

- Do *arpillera* (nó grianghraf ardchaighdeán de) a thabhairt do dhuine éigin nó d'eagraíocht a bhfuil sé de chumhacht aige nó aici rud éigin a dhéanamh faoin gcoimhlint atá roghnaithe agat

agus/nó

- Taispeántas a chur ar bun de na *arpilleras* a rinne an rang mar bhealach chun aird a dhíriú ar choimhlintí agus ar chothú na síochána ar domhan.

D'fhéadfá an méid atá foghlamtha agat faoi choimhlint a insint do dhuine amháin nó níos mó de na múinteoirí OSSP sa scoil. Leid: téigh i bhfeidhm ar an múinteoir OSSP trí insint dó nó di go mbaineann an rud atá á rá agat le Snáithe a Dó: Saoránacht áitiúil agus dhomhanda (go háirithe toradh foghlama 2.9). Chomh maith leis sin, d'fhéadfá luach an *arpillera* mar fhoinsé fianaise stairiúla a phlé sa rang Staire.



Naisc úsáideacha

Teicstílí coimhlinte

- Tá *Conflict Textiles* ag gabháil leis an gcartlann *Conflict Archive on the INternet (CAIN)* in Ollscoil Uladh, Tuaisceart Éireann:
<https://cain.ulster.ac.uk/conflicttextiles/>

*Níl a leithéid de rud ann i ndáiríre agus
'duine gan ghuth'. Níl ann ach daoine
a gcuirtear ina dtost iad d'aon ghnó,
nó daoine nach bhfaigheann éisteacht.*

**Arundhati Roy (1961-), úrscéalaí ón India a
bhuaigh duais an Booker**

*Le fuílleach éadaigh agus greamanna simplí, chuir na mná
in iúl leis an mbróidnéireacht an rud nach bhféadfaí a insint
i bhfocail, agus dá bhrí sin bhí na arpilleras ina mbealach
cumhachtach chun agóid pholaitiúil a dhéanamh... bhí
na arpilleras faoi bhláth i náisiún ciúin, agus ó phóirsí na
n-eaglaisí agus ó chomharsanachtaí bochta, insíodh scéalta
le héadach agus snáth faoin rud a bhí toirmiscithe.*

Isabel Allende (1942 -), úrscéalaí ón tSile

SNÁITHE A TRÍ: TEICSTÍLÍ AGUS CEARDAÍOCHT

GNÉ: MAIREACHTÁIL FHREAGRACH AGUS INBHUANAITHE



Toradh foghlama mar thús aistir = TF 3.8

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: **‘tionchair treochtaí agus roghanna ar theicstílí agus éadaí a phlé, agus cúrsaí eitice agus éiceolaíochta á gcur san áireamh’**




FÓCAS

Mearfhaisean

Ba as snáithíní plandaí nó olann caorach nó gabhair a rinneadh na chéad teicstílí. Theastaigh siad go géar ó na daoine a tháinig romhainn, agus ba thábhachtaí iad fiú dóibh ná airm. Úsáideadh éadach le haghaidh riachtanais bhunúsacha a shásamh, cosúil le dídean agus teas. De réir a chéile, ba léiriú iad ar an stádas a bhí ag daoine sa phobal. Ba bhealach iad na teicstílí freisin chun cruthaitheacht an duine a léiriú. Le himeacht ama, agus iad faoi spreagadh na cruthaíochta sin, thosaigh daoine ag dul sa tóir ar an bhfaisean ba nuaí - éadaí nua, bróga nua agus bogfheisteas tí snasta, etc.

Sa lá atá inniu ann, is deacair teacht ar thuiscint cheart ar thionscal na n-éadaí mar gheall ar an mbaint atá aige leis an talmhaíocht, an mianadóireacht, tionscal éadrom, seachadadh, miondíol agus dramhaíl. Is minic a fhástar na snáithíní a bhíonn in éadaí (cosúil le cadás), nó go ndéantar iad a eastóscadh ón talamh (cosúil le poileistear). Is as amhola a dhéantar poileistear, agus is acmhainn í sin atá neamh-in-athnuaite. Déantar na snáithíní a phróiseáil i muilt ar dtús chun snáth a dhéanamh, agus ansin déantar an t-éadach. Cuirtear dath ar an éadach le peitricemiceáin agus déantar é a chóireáil le ceimiceáin eile. D’fhéadfadh ceann ar bith de na próisis sin na hoibrithe a chur i mbaol. Fuaitear an t-éadach le hinnill fuála agus cuirtear maisiúchán agus cnaipí air. Bíonn lorg tionsclaíoch ag gach ceann acu sin. D’fhéadfaí go gcóireálfaí an táirge deiridh arís le haghaidh uigeacht nó tréith faoi leith a thabhairt dó. Baineann fadhbanna leis an bpróiseas sin ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de. Ní mór réiteach a fháil ar na fadhbanna sin feadh an phróisis go léir.

Tá an mearfhaisean gach áit timpeall orainn. Bíonn ár gcuid éadaí saor agus is oibrithe i dtíortha sa Domhan Theas a dhéanann iad a olltáirgeadh den chuid is mó. Déanann gnólachtaí mearfhaisin a gcuid airgid trí threochtaí faisin a bheith ag teacht sna sála ar a chéile agus trí chustaiméirí a spreagadh chun éadaí saora a cheannach, éadaí nach seasfaidh i bhfad. Ní mór an méid airgid a chaitheann custaiméirí sa Domhan Thuaidh ar éadaí sa lá atá inniu ann le hais mar a chaití san am atá caite, ach sin mar gheall ar an bpá íseal a íoctar leis na hoibrithe a dhéanann iad. Déantar 100 billiún tonna éadaí a tháirgeadh gach bliain agus caitear amach go leor de na héadaí sin laistigh de bhliain. Táirgeann Éire 15 mhilliún tonna dramhaíola gach bliain. Sin 3.2 tonna in aghaidh gach duine sa tír. In 2019, caitheadh amach 80,000 tonna teicstílí – éadaí, éadaí leapa agus bogfheisteas tí. Bhí sé sin cothrom le 10 faoin gcéad den ghnáth-bhruscar, 9 faoin gcéad den bhruscar orgánach agus 3 faoin gcéad den bhruscar athchúrsála.



Fíor 9: Astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin i saolré baill éadaigh

Measann na Náisiúin Aontaithe go n-ídíonn tionscal an fhaisin níos mó fuinnimh ná tionscal na heitlíochta agus tionscal an tseachadta le chéile. Ídíonn faisean acmhainní, truaillíonn sé an timpeallacht, cuireann sé leis an athrú aeráide agus bíonn éifeacht aige ar an tsochaí. Má fhéachaimid ar chadás mar shampla... de réir na Cónaidhme Fiadhúlra Domhanda, úsáidtear 2.4 faoin gcéad de thalamh feirme an domhain le haghaidh cadás a fhás ach meastar gur cadás is cúis le 24 faoin gcéad den mhéid feithidicídí a dhíoltar ar domhan. Teastaíonn suas le 20,000 lítear uisce chun cileagram cadáis a tháirgeadh. Tá fás cadáis ina chúis le scrios aigéan agus abhantrach agus bíonn drochthionchar aige ar shláinte agus staid eacnamaíoch na ndaoine a fhásann é. Mura bhfásann na bairr, bíonn na feirmeoirí beo bocht. Na ceimiceáin a úsáidtear chun cadás a fhás, déanann siad dochar do shláinte na bhfeirmeoirí.

É sin ráite, tá gluaiseacht an mhallfhaisin ag teacht chun cinn, rud a chothaíonn an geilleagar ciorclach. Leagann an ghluaiseacht sin béim ar chóras geilleagrach a laghdaíonn dramhaíl, astaíochtaí, úsáid uisce agus úsáid fuinnimh. Déantar iarracht teicneolaíochtaí inbhuanaithe a úsáid le haghaidh athchúrsáil a dhéanamh ar fhotháirgí agus ar fhuíolltháirgí ó thionscal an fhaisin.

Is go mall agus ar shlí neamheagraithe atá an t-athrú ag tarlú ach tá roinnt daoine i dtionscal an fhaisin ag labhairt amach ar son na hinbhuanaitheachta. Tá an tionscnamh *Make Fashion Circular* á reáchtáil ag fondúireacht Ellen MacArthur. Is é is aidhm leis aghaidh a thabhairt ar fhadhb na truaillithe agus na dramhaíola i dtionscal an fhaisin, agus an córas ciorclach a chur chun cinn. Tacaíonn roinnt brandaí mór le rá leis an tionscnamh, ar nós Stella McCartney, PVH agus Nike. Is iad Inditex an tríú gnólacht éadaí is mó ar domhan agus is leis Zara, Massimo Dutti, agus Pull&Bear. Tá sé geallta aige a bhailiúcháin éadaí a bheith déanta as éadach inbhuanaithe amháin faoin mbliain 2025. Chomh maith leis sin, deir sé gur fuinneamh inbhuanaithe a bheidh in 80% den fhuinneamh a úsáidfear ina cheanncheathrú sa Spáinn, ina mhonarchana agus ina chuid siopaí. Tá sé geallta aige freisin nach mbeidh aon dramhaíl á chur chuig líonadh talún aige faoin mbliain 2025.

Tá sé ráite go gcuireann tionscal an fhaisin 'snas glas' ar fhadhb na dramhaíola agus gurb é firinne an scéil é nach gcuirtear in iúl do thomhaltóirí go mbíonn an iomarca éadaí á gceannach acu. Tá an líon babhtaí a chaitheann duine ball éadaigh laghdaithe 36% ón mbliain 2000. Bíonn lucht léinn a dhéanamh staidéar ar iompraíocht tomhaltóirí ag caint ar fheiniméan siceolaíoch ar a dtugtar 'scaipeadh na freagrachta'. Is éard is brí leis sin ná é seo a leanas: dá mhéad duine atá ar an eolas faoi fhadhb, is ea is lú an líon daoine a bheidh sásta dul i ngleic leis an bhfadhb sin. Tá a fhios againn go mbaineann fadhbanna le tionscal an fhaisin agus tá a fhios againn gur tomhaltóirí is cúis le cuid de na fadhbanna sin. Mar sin féin, deirimid linn féin gur duine eile a thiocfaidh ar réiteach orthu. Scaipimid amach an fhreagracht atá orainn.

Nuair a dhéanaimid iarracht bheith níos stuama, ní hé an bealach is inbhuanaithe a roghnaímid i gcónaí. Mar shampla, ceapaimid gur maith an rud é éadaí nach bhfuil muid ag iarraidh a thuilleadh a thabhairt uainn ionas gur féidir iad a athúsáid nó athchúrsáil a dhéanamh orthu. Ach ní maith an rud é i gcónaí éadaí a thabhairt uainn lena n-athúsáid. Cuid de na héadaí a cheannaímid inniu, bíonn siad ar chaighdeán chomh híseal nach féidir iad a athdhíol. Is minic a chuirtear na héadaí sin chuig an Domhan Theas, áit a gcuireann siad isteach ar an ngeilleagar trí na tionscail áitiúla a mhilleadh. Bíonn roinnt cineálacha éadaí, cosúil le poileistear agus cadás astu féin, réasúnta éasca le hathchúrsáil. Ní féidir cineálacha eile a athchúrsáil, ar nós éadaí atá déanta as meascán cadáis agus poileistir, mar gheall nach féidir na snáithíní a scaradh óna chéile. Baineann fadhbanna le hathchúrsáil éadaí ar aon nós mar go n-úsáidtear go leor fuinnimh sa phróiseas sin agus mar go bhféadfadh sé nach mór éadach nua a chur leis an seanéadach. I gcás an chadáis mar shampla, bíonn na snáithíní san éadach athchúrsáilte róghearr le hathúsáid agus ní mór cadás úr a chur leo.

Seo roinnt moltaí maidir le conas is féidir le tomhaltóirí gníomhú ar bhealach níos fearr:

- Brú a chur ar thionscal an fhaisin éadaí a sheasfaidh níos faide a dhéanamh
- Éadaí a fháil ar iasacht ó dhuine muinteartha nó ó chara, nó éadaí a fháil ar cíós
- Aipeanna siopadóireachta a bhaint ó ghléasanna agus éadaí a cheannach sna siopaí. Is féidir na snáithíní a aireachtáil ansin agus breathnú ar an bhfuáil – go háirithe ag na huamanna – agus déanamh cinnte de go n-oireann toisí an bhaill éadaigh duit
- Níos lú éadaí a cheannach agus iad a bheith ar chaighdeán níos airde, mar shampla, gan an oiread éadaí a roghnú atá déanta as cadás saor nó éadach sintéiseach, agus díriú ar éadaí atá déanta as cnáib, cadás orgánach, síoda agus líocill/módal, nó meascán díobh sin
- Caoi a chur ar éadaí nó ball éadaigh eile a dhéanamh astu
- Gach ball éadach a chaitheamh ar a laghad 30 uair. Dá gcoinneodh daoine éadaí dhá oiread chomh fada, laghdófaí na hastaíochtaí ón tionscal faisin de 44%
- Gan éadaí a ní chomh minic céanna agus iad a ní le leacht tiubhaithe in ionad púdair (níl sé chomh scrábach). Chomh maith leis sin, ba cheart mála nócháin a úsáid ionas nach gcuirfeadh le fadhb na micreasnáithíní (píosaí beaga bídeacha plaistigh déanta as snáithíní sintéiseacha a théann ón meaisín nócháin chuig na haibhneacha agus chuig an bhfarraige)
- Tirimghlanadh a úsáid a laghad is féidir agus seirbhís tirimghlantacháin éiceabhách (nach ndéanann dochar don chomhshaol) a úsáid más gá

Foinsí:

Frazin, R. 'Fashion chain Zara commits to using 100 percent sustainable fabrics by 2025'. *The Hill*, 17 Iúil 2019.

Laville, S. 'The story of a £4 Boohoo dress: cheap clothes at a high cost'. *The Guardian*, 22 Meitheamh 2019.

Mullally, U. 'Cheap fashion comes at a price we cannot afford'. *Irish Times*, 24 Iúil 2017.

O'Doherty, C. 'Textiles to be banned from the bin to reduce 'fast fashion' waste'. *Irish Independent*, 30 Nollaig 2019.

Paul, M. 'Penneys shows paradox of consumers who talk about ethics but buy based on price'. *Irish Times*, 14 Meitheamh 2019.

St Clair, K. (2018). *The Golden Thread: How Fabric Changed History*. John Murray.



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030, tá sé i gceist...

- **Sprioc 6:** A chinntiú go mbeidh fáil ag gach duine ar uisce agus sláintíocht agus go ndéanfar bainistíocht inbhuanaithe orthu
- **Sprioc 12:** A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim
- **Sprioc 13:** Beart práinneach a dhéanamh chun cur i gcoinne an athraithe aeráide agus a chuid iarmhairtí
- **Sprioc 14:** Na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Litir chuig miondíoltóir

Éist leis an bpodchraoladh 'Fast Fashion' ar RTÉ, a rinne Sean O'Rourke agus Siobhan Maguire (8.34 nóiméad). Craoladh ar an 13 Meitheamh 2019 é (féach na naisc ar leathanach 57).

Déan roinnt réamhthaighde ar an miondíoltóir éadaí is fearr leat. Díriú ar eolas faoin iarracht atá á déanamh acu ó thaobh na Spriocanna Domhanda agus ó thaobh na héigeandála aeráide.

Scríobh litir nó ríomhphost chuig an miondíoltóir éadaí is fearr leat.

Ba cheart an méid seo a leanas a bheith sa litir nó sa ríomhphost: seoladh na scoile, an chúis go bhfuil tú ag scríobh agus ceisteanna sonracha ag cuardach eolais i lár na litreach (féach na ceisteanna samplacha thíos), agus, ag an deireadh, alt ina ngabhfaidh tú do bhuíochas leis an léitheoir as an litir a léamh, agus do shíniú.

- An íoctar pá maireachtála leis na hoibrithe a dhéanann na héadaí a dhíolann sibh?
- Conas a chinntíonn sibh nach bhfostaítear páistí sna monarchana ina ndéantar bhur gcuid éadaí?
- An as éadach orgánach nó éadach athchúrsáilte a dhéantar bhur gcuid éadaí?
- Conas a chinntíonn sibh go seasfaidh na héadaí a dhéanann sibh ar feadh i bhfad agus nach gcuirfidh siad le fadhb an mhearthaisín?
- Céard a tharlaíonn don stoc nach ndíolann sibh nó a chuirtear ar ais chugaibh? An ndóitear é, an gcuirtear i líonadh talún é, an ndéantar athchúrsáil air, nó rud éigin eile?
- Conas atá sibh ag laghdú líon na micreasnáithíní a théann isteach san uisce?

Díospóireacht: 'Costas nó Cearta?'

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.5, 2.7, 2.10 agus 2.11

Déan díospóireacht ranga ar an ráiteas seo a leanas. Féadfaidh sibh a bheith i bhfábhar nó i gcoinne an ráitis: 'Agus iad ag ceannach éadaí, is mó an imní a bhíonn ar dhaoine óga faoi phraghas ná faoi chearta oibrithe agus tionchar ar an timpeallacht'.

Gluais chiorclach

Bainteach freisin le Toradh Foghlama 3.6

Féach ar 'What is Circular Fashion?' (2.27 nóiméad), Rediscovery Centre (2019) (Féach na naisc ar leathanach 57).

Agus tú ag féachaint air, scríobh síos ar a laghad 3 fhocal nó frása nár chuala tú cheana.

Úsáid foclóir chun sainmhínithe na bhfocal sin a aimsiú agus a scríobh síos.

Agus tú ag obair le duine eile, déanaigí plé faoi na focail agus na sainmhínithe. Ullmhaigí gluais eadraibh.

Oibrigí le beirt eile agus déanaigí plé ar feadh 3 nóiméad faoin ngeilleagar ciorclach, ag úsáid na bhfocal ón ngluais.

Dúshlán maidir le Caitheamh Éadaí

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.7, 2.8 agus 3.6

Cur dúshlán romhat féin gach feisteas éadaí i do vardrús a chaitheamh agus comhair cé mhéad lá a thógann sé sin ort. Caithfidh tú gach ball éadaigh a chaitheamh ar a laghad uair amháin ach gan na héadaí céanna a chaitheamh le chéile. Agus tú ag tabhairt faoin dúshlán: (1) ní féidir leat aon éadaí nua a cheannach; (2) is féidir leat suas le ball éadaigh amháin a fháil ar iasacht gach lá. NB: Beidh an dúshlán ar siúl seacht lá na seachtaine i gcás scoláirí i scoileanna nach bhfuil gá le héide scoile iontu. Ní bheidh an dúshlán ar siúl ach tar éis na scoile agus ag an deireadh seachtaine i gcás scoláirí sna scoileanna a bhfuil gá le héide scoile iontu.

Ar dtús, déan meastachán ar an méid laethanta a ghlacfaidh sé an dúshlán a chríochnú. Coinnigh cuntas pearsanta ar an dúshlán. Nuair a bheidh gach rud caite agat déan trí charn éadaí: (1) na héadaí ar breá leat caitheamh, a bheidh le cur ar ais sa vardrús; (2) na héadaí a dteastaíonn caoi a chur orthu nó ar féidir ball éadaigh nua a dhéanamh astu; (3) na héadaí atá le tabhairt do chairde nó siopa carthanais. Nuair a bheidh an dúshlán críochnaithe agat, déan machnamh ar na rudaí a d'fhoghlaim tú faoi éadaí agus treochtaí faisin. Smaoinigh ar conas a rachaidh sé sin i bhfeidhm ar na héadaí a cheannóidh tú feasta.

Cur síos ar Bhall Éadaigh

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.7, 2.8, 3.6 agus 3.9

Déan cur síos ar bhall éadaigh a bhfuil tú an-cheanúil air atá ar a laghad bliain d'aois. Ba cheart go mbeadh na rudaí seo a leanas san áireamh: grianghraf den bhall éadaigh, an áit ar ceannaíodh é, an costas a bhí air, an áit a ndearnadh é, céard as a bhfuil sé déanta, conas aire a thabhairt dó, agus dhá fháth ar a laghad a dtaitníonn sé leat.

Cuir do chuid oibre i láthair an ranga agus déan nóta de threochtaí atá le sonrú san obair atá déanta ag daoine eile.

Roghanna maidir le Cúram Éadaí

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.7, 2.8, 3.7 agus 3.9

Féach ar 'How Your T-Shirt Can Make a Difference' (1.50 nóiméad), National Geographic (2013) (Féach na naisc ar leathanach 57).

Dear lipéad cúraim i gcomhair éadaí atá déanta as cadás. Bíodh comhairle air maidir le conas aire a thabhairt don bhall éadach (téacs agus siombailí) agus bíodh sé ina spreagadh do thomhaltóirí chun roghanna níos fearr a dhéanamh ó thaobh an chomhshaoil de.

Leid: Ar lipéad cúraim ceart do thíortha Eorpacha, bíonn ceithre nó cúig shiombail san ord seo a leanas:

1) Níochán, 2) Tuaradh, 3) Iarnáil, 4) Tirimghlanadh, agus 5) Triomú.

B'fhéidir go gcabhródh sé leat breathnú ar na lipéid ar éadaí cadáis atá i do vardrús féin.





Tobshiopa Babhtála

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.7 agus 3.6

Ba iad Taz Kelleher agus Geraldine Carton a bhunaigh Sustainable Fashion Dublin. Bhí siad ag iarraidh aird a dhíriú ar dhrochthionchar an mhearfaisín agus daoine a spreagadh chun smaoineamh ar chúinsí comhshaoil agus éadaí á gceannach, á gcaitheamh agus á gcaitheamh amach acu.

Féach ar 'Revamp your wardrobe with these eco-friendly events' (2.05 nóiméad), agus 'Charity shop chic: These two women want to help you embrace your inner fashionista in a sustainable way' (3.11 nóiméad) agus/ nó éist le Tara Stewart ar 'Dirty Laundry', clár 6 le Sustainable Fashion Dublin, a craoladh ar an 12 Samhain 2019 (26 nóiméad) (Féach na naisc ar an gcéad leathanach eile).

Eagraigh tobshiopa babhtála do do bhliainghrúpa féin agus cuir amach fógraí faoi. Beidh ort cead a fháil é sin a dhéanamh, seomra a eagrú, dearbháin a dhéanamh agus fógraí a dhéanamh chun dearbháin a thairiscint as ucht éadaí a thabhairt don siopa. Don imeacht féin, eagraigh oibrithe a bheidh i gceannas ar an siopa etc. NB: I gcomhthéacs na srianta COVID-19, smaoinigh ar conas a d'fhéadfá an tobshiopa babhtála a rith ar líne.

Déan cinnte duine a bheith i láthair le ceamara ionas go mbeidh grianghraif agat le cur ar shuíomh gréasáin na scoile nó i nuachtlitir na scoile.

#ActNow

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.7, 3.2 agus 3.6

Féach ar an acmhainn ó Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí/Rediscovery Centre 'Sustainable Textile Design' (3.56) (Féach na naisc ar an gcéad leathanach eile). Bain úsáid nua as ball éadaigh amháin le haghaidh cuma úr a chur ort féin.

Roinn an ball éadaigh sin ar na meáin shóisialta leis an haischlib #ActNow.

Treochtaí agus roghanna

Déan liosta de na siopaí carthanais i do cheantar féin (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile).

Tabhair cuairt ar cheann amháin nó níos mó de na siopaí sin, nó cuir glaoch teileafóin orthu, agus cuir agallamh ar bhall foirne faoi cén sórt éadaí a bhfuil tóir orthu faoi láthair agus cé na rudaí atá á dtabhairt isteach agus á gceannach ag daoine.

Breac síos na príomhphointí a rinneadh le linn an agallaimh agus cuir i láthair an ranga iad.

Úsáid an méid atá foghlamtha agat chun póstaer a dhéanamh ar a bhfuil eolas agus leideanna maidir le conas roghanna freagracha a dhéanamh agus earraí á dtabhairt do shiopaí carthanais agaibh.

Fiafraigh den siopa carthanais áitiúil (nó cúpla siopa) an bhféadfá do phóstaer a chur ar taispeáint i bhfuinneog an tsiopa.

Ar cíos?

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.7 agus 3.6

Déan taighde faoi Nu Wardrobe (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile), gnóthas a ligeann éadaí ar cíos. Beirt mhac léinn ó Choláiste na Tríonóide, Aisling Byrne agus Ali Kelly, a bhunaigh é in 2015.

Ullmhaigh suirbhé ina bhfuil ceisteanna iata agus ceisteanna oscailte faoi dhearccháir a bhíonn ag daoine i leith éadaí a fháil ar cíos.

Déan an suirbhé le múinteoirí agus scoláirí i do scoil féin.

Déan achoimre ar thorthaí do shuirbhé le PowerPoint nó Prezi nó a leithéid.

Taispeáin do chur i láthair sa rang, ag tionól na scoile nó ar na scáileáin teilifíse i halla na scoile.

Blag Faisean na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 2.7 agus 3.6

Téigí ag obair ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga chun blag ranga a scríobh ina bhfuil 17 bpostáil, agus gach ceann acu ag díriú ar na naisc idir na 17 Sprioc Dhomhanda agus na dúshláin agus na réitigh inbhuanaitheachta ar fud shlabhra luacha an tionscail faisin.

Leid: Déan taighde ar fashionistas agus lucht tionchair inbhuanaithe le haghaidh smaoineamh agus spreagadh a fháil (féach na naisc ar an gcéad leathanach eile).



Naisc úsáideacha

Litir chuig miondíoltóir

- Siobhan Maguire 'Fast Fashion', podchraoladh a craoladh ar sheó Sean O'Rourke ar RTÉ, 13 Meitheamh 2019: <https://www.rte.ie/radio/radioplayer/html5/#/radio1/21569333>

Roghanna maidir le Cúram Cadáis

- National Geographic (2013), 'How Your T-Shirt Can Make a Difference': <https://www.rte.ie/radio/radioplayer/html5/#/radio1/21569333>
- Córas na hEorpa maidir le lipéid cúraim éadaí: https://www.coats.com/en/Information-Hub/Care-Labels#The_European_Care_Labeling_System

Roghanna maidir le Cúram Cadáis

- Cumann Siopaí Carthanais na hÉireann – bunachar sonraí shiopaí carthanais na hÉireann: <https://www.icsa.ie/>

Tobshiopa Babhtála

- RTÉ (2019), 'Revamp your wardrobe with these eco-friendly events': <https://www.rte.ie/lifestyle/fashion/2019/0306/1034636-revamp-your-wardrobe-with-these-eco-friendly-events/>
- RTÉ (2019), 'Charity shop chic: These two women want to help you embrace your inner fashionista in a sustainable way': <https://www.rte.ie/news/player/2019/0912/21618682-charity-shop-chic-these-two-women-want-to-help-you-embrace-your-inner-fashionista-in-a-sustainable-way/>
- Tara Stewart 'Dirty Laundry' clár 6 le Sustainable Fashion Dublin, a craoladh ar an 12 Samhain 2019: <https://www.rte.ie/radio/radioplayer/html5/#/podcasts/21653669>

#ActNow

- Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí / Rediscovery Centre 'Sustainable Textile Design': <https://www.youtube.com/watch?v=4U4hGH1psrg&list=PL95DYatTi3QnyaneWq-4AOfNag5hiBViA&index=7>

Ar cíós?

- Nu: aip agus pobal comhroinnte éadaí: <https://www.thenuwardrobe.com/>
- Réabhlóid Faisin: <https://www.fashionrevolution.org/about/get-involved/educator/education/resources/>
- Acmhainn 'Traid, Behind the Scenes': <https://www.traid.org.uk/resources/>

Blagáil é

- Tionchairí a bhíonn ag labhairt faoin bhfaisean inbhuanaithe in 2020: <https://goodonyou.eco/sustainable-fashion-influencers-to-follow-in-2020/>
- Seachtar mBan Éireannacha ar tionchairí iad sa Ghluaiseacht Faisin Inbhuanaithe: <https://lovin.ie/sustainability/sustainable-fashion-ladies>
- Ochtar nÉireannach le leanúint ar Instagram i gcomhair spreagadh maidir le faisean inbhuanaithe: <https://www.image.ie/fashion/8-irish-instagrammers-need-follow-sustainable-inspiration-158206>

Bí Gníomhach/Glac Páirt

Tá acmhainní chun tacú le teagasc agus foghlaim na dtéamaí forbartha trí chineálacha cur chuige an Oideachais Saoránachta Domhanda ar fáil ó shuímh ghréasáin de chuid eagraíochtaí neamhríaltasacha áirithe nó ó ardáin cosúil le www.developmenteducation.ie

Tá clár gradam éagsúla ann do scoláirí iar-bhunscoile atá ag gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda mar chuid d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí. Is iad na cinn is ábhartha díobh siúd:

- Clár Ghradam an Phas Dhomhanda de chuid Scoileanna WorldWise – worldwiseschools.ie/wwgs-global-passport/
- Eolaí Óg BT - <https://btyoungscientist.com/>
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil: Comórtas 'The story of stuff' – <http://www.thestoryofyourstuff.ie/>
- GROW2CEO - <https://giy.ie/get-involved/grow-at-school/grow2ceo/>
- Junk Couture - <https://junkkouture.com/>

Tá Scoileanna Domhanda WorldWise buíoch as an gcúnamh agus an tacaíocht a fuair sé ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus ó Cholaíste Eacnamaíochta Baile San Aingeal agus an acmhainn seo á cur le chéile aige.



Scoileanna Domhanda WorldWise (WWGS)

Is é Scoileanna Domhanda WorldWise an clár náisiúnta faoina dtacaítear leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) ar an leibhéal iar-bhunscoile. Is ann a gheofar maoiniú, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun an Oideachais Saoránachta Domhanda. Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don chomhar forbartha thar lear) is ea é. Tá clár Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm faoi láthair ag cuibhreannas ina bhfuil Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

Gradam an Phas Dhomhanda

CLÁRAIGH ANOIS!

CAD É AN PAS DOMHANDA?

Is comhartha cáilíochta i réimse an Oideachais Saoránachta Domhanda (OSD) é Gradam an Phas Dhomhanda, a chuireann creat ar fáil do scoileanna ionas gur féidir leo an OSD a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim. Is creidiúnú féinmheasúnaithe maidir leis an OSD é, a ndéantar iniúchadh seachtrach air agus atá ar oscailt do gach iar-bhunscoil i bPoblacht na hÉireann.

CÉN TAIRBHE ATÁ LE BAINN AS?

- Comhartha cáilíochta don scoil san oideachas saoránachta domhanda, a bhfuil iniúchadh seachtrach déanta air
- Bailíochtú ar an obair atá ar bun ag an scoil i dtaobh oideachas saoránachta domhanda, agus aitheantas don obair sin
- Spás do na scoláirí chun ceisteanna áitiúla agus ceisteanna domhanda a scrúdú agus beart a dhéanamh ina leith
- An deis chun cur le hiomrá na scoile tríd an oideachas saoránachta domhanda a chur i láthair agus a cheiliúradh

CÉARD ATÁ I GCEIST?

Féachfaidh sibh ar leibhéal gníomhaíochta na scoile san OSD i sé chatagóir (Stampaí an Phas Dhomhanda) agus tabharfaidh sibh samplaí den obair atá ar bun agaibh i ngach réimse díobh sin. Beidh an Pas Domhanda (a bhfuil trí chineál díobh ann) a bhronnfar ag brath ar an scór iomlán a bhainfear amach i ngach ceann de na sé stampa.

CAD IAD NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ AR FÁIL?

Tá tacaíocht ar fáil ó Scoileanna Domhanda WorldWise chun cuidiú le scoileanna an Pas Domhanda a bhaint amach:

- Ceardlanna agus cuairteanna tacaíochta
- Tacaíocht ar an teileafón agus ar an ríomhphost
- Acmhainní, teoracha agus samplaí praiticiúla atá curtha in oiriúint do gach ceann de na stampaí

GRADAIM

Tá trí chineál éagsúla Pas Dhomhanda ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu ag brath ar leibhéal rannpháirtíochta na scoile leis an Oideachas Saoránachta Domhanda:



Pas na Saoránach

Iena n-aghaidh siúd atá ag tosú ar an rannpháirtíocht leis an Oideachas Saoránachta Domhanda



Pas Taidhleoireachta

i gcomhair rannpháirtíochta sheanbhunaithe leis an Oideachas Saoránachta Domhanda




Pas Speisialta

i gcomhair rannpháirtíochta den chéad scoth leis an Oideachas Saoránachta Domhanda

CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH

I gcomhair tuilleadh eolais nó chun bheith páirteach sa scéim, cláraigh linn ar líne ag www.worldwiseschools.ie nó seol ríomhphost chuig global.passport@worldwiseschools.ie



Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Scoileanna Domhanda WorldWise agus faoi na deiseanna atá ar fáil faoin gclár do scoláirí, múinteoirí agus scoileanna chun gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda – go háirithe conas iarratas a dhéanamh ar an ngradam scoile, an Pas Domhanda – téigh go dtí an suíomh gréasáin **www.worldwiseschools.ie**

Le haghaidh acmhainní agus smaointe breise a bhaineann leis an OSD lena n-úsáid i ranganna Béarla, **tabhair cuairt ar developmenteducation.ie** – bunachar sonraí téamacha inchuadaithe ina bhfuil ábhar ranga don OSD ó bhlianta na luath-óige ar aghaidh. Tá acmhainní ann atá dírithe ar churaclaim éagsúla agus ar aoisghrúpaí éagsúla.

Déan teagmháil le foireann Scoileanna Domhanda WorldWise

Tá foireann Scoileanna Domhanda WorldWise ar fáil chun comhairle a chur oraibh agus treoir, oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil faoin Oideachas Saoránachta Domhanda in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

Scoileanna Domhanda WorldWise, Teach Dhroichead an Rí, 17-22 Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8
www.worldwiseschools.ie | [ríomhphost. info@worldwiseschools.ie](mailto:info@worldwiseschools.ie) | **teil. 01 685 2078**



Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs



Is é Scoileanna Domhanda WorldWise an clár náisiúnta faoina dtacaítear leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) ar an leibhéal iar-bhunscoile. Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear) is ea é. Is ann a gheofar maoiniú, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun an Oideachais Saoránachta Domhanda. Tá clár Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm faoi láthair ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

